|   | 2020             | 2019             |
|---|------------------|------------------|
|   | €                | €                |
| Trade creditors   | 88,854           | 354,137          |
| PAYE/PRSI/USC   | 80,101           | 105,121          |
| VAT   | 0                | 31,932           |
| Spouses & Children's Superannuation Scheme                          | 240,888          | 229,652          |
| AVC Scheme  | 160,297          | 159,790          |
| Accruals  | 657,801          | 766,693          |
| Deferred Income   | 480,733          | 474,523          |
| Deferred Capital Grants (Note 16 details movements over the period) | 756,126          | 691,297          |
| Advanced Bookings and Deposits                                      | 371,047          | 1,523,200        |
|   | <b>2,835,847</b> | <b>4,336,345</b> |

### 15. Other Reserves

|   | 2020           | 2019           |
|---|----------------|----------------|
|   | €              | €              |
| Education and Outreach Reserve (Note 18 details movement over the period) | 31,014         | 31,014         |
| Capital Redevelopment Reserve (Note 17 details movements over the period) | 267,095        | 267,095        |
|   | <b>298,109</b> | <b>298,109</b> |

On the 8th March 2007 Ann Sophie Mutter performed a concert the proceeds of which were donated to the National Concert Hall to be used exclusively for its Education and Outreach Programme.



**16. Movement on Deferred Capital Grants**

|  | <b>2020</b>    | <b>2019</b>    |
|--|----------------|----------------|
|  | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| Opening Balance at 1 January 2020                                      | 691,297        | 744,289        |
| Deferred Capital Grants released to the Income and Expenditure Account | (359,158)      | (343,638)      |
| Other Movements  | 163,987        | 30,646         |
| Capital Grants Received  | 260,000        | 260,000        |
| Closing Balance as at 31 December 2020                                 | <b>756,126</b> | <b>691,297</b> |

**17. Capital Redevelopment Reserve**

|  | <b>2020</b>    | <b>2019</b>    |
|--|----------------|----------------|
|  | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| Opening Balance at 1 Jan 2020          | 267,095        | 267,095        |
| Donations Received                     | -              | -              |
| Expenditure Incurred                   | -              | -              |
| Closing Balance as at 31 December 2020 | <b>267,095</b> | <b>267,095</b> |

**18. Reconciliation of Movements In Other Reserves**

|                                   | <b>Education &amp; Outreach</b> | <b>Total</b>  |
|-----------------------------------|---------------------------------|---------------|
|                                   | <b>€</b>                        | <b>€</b>      |
| Opening Balance at 1 Jan 2020     | 31,014                          | 31,014        |
| Release of Reserve                | -                               | -             |
| Capital Donations Received        | -                               | -             |
| Closing Balance as at 31 Dec 2020 | <b>31,014</b>                   | <b>31,014</b> |

**19. Chairperson's Emoluments 2020**

|                          | <b>2020</b> | <b>2019</b> |
|--------------------------|-------------|-------------|
|                          | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| Chairperson's Emoluments | -           | -           |

**20. Chief Executive Officer's Salary**

|                          | <b>2020</b> | <b>2019</b> |
|--------------------------|-------------|-------------|
|                          | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| Chief Executive's Salary | 118,493     | 114,211     |

The CEO's salary above includes a contribution of 11% of gross salary by the National Concert Hall to his private superannuation scheme. The CEO received no additional remuneration; neither performance related payments, benefits or otherwise.

## 21. Employee Short Term Benefits Breakdown

|                        | 2020      | 2019      |
|------------------------|-----------|-----------|
| <b>Salary Category</b> |           |           |
| €60,000 to €69,999     | 3         | 3         |
| €70,000 to €79,999     | 3         | 3         |
| €80,000 to €89,999     | 4         | 3         |
| €90,000 to €99,999     | -         | -         |
| €100,000 to €109,999   | -         | -         |
| €110,000 to €119,999   | 1         | 1         |
| €120,000 to €129,999   | -         | -         |
| <b>Total</b>           | <b>11</b> | <b>10</b> |

The salaries listed above include the CEO's (please refer to Note 20) and top layer of management.

Note: For the purposes of this disclosure, short-term employee benefits in relation to services rendered during the reporting period include salary, overtime allowances and other payments made on behalf of the employee, but exclude employer's PRSI.

## 22. Travel & Subsistence

Travel & Subsistence Expenditure is categorised as follows:-

|                      | 2020         | 2019          |
|----------------------|--------------|---------------|
|                      | €            | €             |
| <b>Domestic</b>      |              |               |
| Board                | 955          | 1,955         |
| Employees            | 51           | 5,328         |
| <b>International</b> |              |               |
| Board                | 957          | 1,159         |
| Employees            | 276          | 8,310         |
| <b>Total</b>         | <b>2,239</b> | <b>16,752</b> |

## 23. Retirement Benefit Costs

a. The cost of servicing retirement benefits for the period amounts to €737,000 (2019: €733,000). This is comprised of the current service costs of €588,000 outlined in section (c) below together with the interest on retirement benefits scheme liabilities of €149,000. The net deferred funding for pensions includes the funding recoverable in respect of current year pensions of €737,000 less state grant to pay pensions of €76,997. Certain comparative figures for the period have been re-classified and re-presented on the same basis as those for the current year.

### b. Deferred Retirement Benefit Funding Asset

The National Concert Hall recognises these amounts as an asset corresponding to the unfunded deferred liability for retirement benefits on the basis of a number of events. These events include the statutory basis for the establishment of the National Concert Hall on 1st February 2016; the transferral

of pensions' liabilities from the former NCH Company to the NCH as a statutory body; correspondence from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media that reasonable assurances are understood to exist from the State that it will fund the future costs of the NCH's pension liabilities and the policy and practices currently in place in the public service in relation to recording and funding the future pensions' costs of public bodies.

### c. Movement in Defined Benefit Obligations

|   | 2020                | 2019                |
|---|---------------------|---------------------|
|   | €                   | €                   |
| Net Retirement Benefit Obligation – 1 January 2019              | (13,052,613)        | (10,988,032)        |
| Employee Full Service Cost                                      | (588,000)           | (525,000)           |
| Net Interest on Net Defined Liability                           | (149,000)           | (208,000)           |
| Actuarial Gain / (Loss) during the period                       | (1,008,000)         | (1,393,000)         |
| Plan Participants' Contributions                                | (36,575)            | (12,046)            |
| Pensions Paid in the Year                                       | 76,997              | 73,465              |
| <b>Net Retirement Benefit Obligation as at 31 December 2020</b> | <b>(14,757,191)</b> | <b>(13,052,613)</b> |

### d. General Description of Schemes

The National Concert Hall Staff Superannuation Scheme 1987 is a defined benefit final salary pension arrangement with benefits defined by reference to the National Concert Hall Staff Superannuation Scheme 1987 and to the current "model" public sector scheme regulations.

The scheme provides a pension (1/80th per year of service), a lump sum on retirement (3/80th per year of service) and spouses' and childrens' pensions.

Normal retirement age is a member's 65th birthday, with an entitlement to retire without actuarial reduction from age 60.

Pensions increase, subject to Ministerial approval, in line with relevant pay increases applicable to serving staff. Such pension increases are effective from the same dates as pay increases.

Although the scheme continues to operate under the terms of the National Concert Hall Staff Superannuation Scheme 1987, its establishment has not yet been formalised under statute. The scheme is an unfunded defined benefit superannuation arrangement with benefits payable on a pay-as-you-go basis from the NCH's core funding.

In accordance with Section 20 of the National Cultural Institutions (National Concert Hall) Act 2015 ("Act") pensions' liabilities of the NCH Company became from establishment day on 1st February 2016, the liabilities of the NCH. This section also provides that superannuation benefits awarded to, or in respect of a transferred person, shall be subject to such terms and conditions as are not less favourable to him or her than the terms and conditions in relation to the grant of such benefits under the superannuation scheme or arrangement that immediately before the establishment day apply to, or in respect of, that person.

Expenditure on pensions' and lump sums fall to be met from the NCH's resources as they become payable. This expenditure is taken into account when calculating the body's grant.

The National Concert Hall previously established its own defined benefit pension scheme, funded annually on a pay-as-you-go basis from monies provided through its annual grant from the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. The National Concert Hall also operates the Single Public Services Pension Scheme ("Single Scheme"), which is a defined benefit scheme

for pensionable public servants appointed on or after 1 January 2013. Single Scheme members' contributions are paid over to the Department of Public Expenditure and Reform (D/PER) and which amounted to €24,833 and €18,366 for the years ended 31 Dec 2020 and 2019 respectively.

Pension costs reflect pension benefits earned by employees and are shown net of staff pension contributions. Superannuation deductions in respect of the Spouses and Children's Superannuation Scheme are retained by the National Concert Hall and recognised as a liability (please refer to Note 14).

The defined benefit obligation figure relating to the Single Scheme is included in the total defined benefit obligations figures of €14,757,191 (2019: €13,052,613) in Note 23 (c).

The evaluation methodology used has been based on a full actuarial valuation made by a qualified independent actuary taking into account the requirements of Financial Reporting Standard 102 in order to assess the schemes' liabilities as at 31 December 2020.

The principal actuarial assumptions were as follows:-

|   | <b>2020</b> | <b>2019</b> |
|---|-------------|-------------|
|   | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| Discount Rate                             | 0.80%       | 1.15%       |
| Rate of Salary Increase                   | 2.45%       | 2.45%       |
| Rate of State Pension Increase            | 1.45%       | 1.45%       |
| Pension Increases for In-Payment Benefits | 1.95%       | 1.95%       |
| Pension Increases for Deferred Benefits   | 1.95%       | 1.95%       |

### Life Expectancy

The mortality basis explicitly allows for improvements in life expectancy over time, so that life expectancy at retirement will depend on the year in which a member attains retirement age. The table below shows the life expectancy for members attaining age 65 in 2020 and 2040.

| <b>Year of Attaining Age 65</b>     | <b>2020</b> | <b>2040</b> |
|-------------------------------------|-------------|-------------|
| Life expectancy – male (in years)   | 21.70       | 24.00       |
| Life expectancy – female (in years) | 24.10       | 26.10       |

### 24. Going Concern in Light of Coronavirus

The National Concert Hall was established as a statutory body under the National Cultural Institutions (National Concert Hall) Act 2015. As a statutory body it is expected that the NCH would have access to sources of capital from the State should they be required. The NCH as a satisfactorily capitalised body finds that there is no material uncertainty that it is aware of, on its ability to continue as a going concern.

Management is not aware of such uncertainty as it relates to the Coronavirus or to any other conditions that may cast significant doubt upon the NCH's ability and as supported by the State, to continue as a going concern.

From the 12 March 2020 in line with Government directives, the NCH moved to a remote working and online delivery model as a result of the Covid-19 pandemic. While the pandemic has posed significant challenges to the business operations of the NCH, and assuming the level of grant supports align with expectations, forecasting indicates that the 2021 financial performance will result in breakeven. The Board is satisfied that these Financial Statements should be prepared on a going concern basis.

### 25. Approval of Financial Statements

The financial statements were approved by the Board on 27 May 20



NCH Livestream with Lisa O'Neill



NCH Livestream with Paul Noonan



Rebeca Sanchez with the RTÉ NSO and its Chief Conductor Jaime Martín



R0987 PAC33

# NCH

NATIONAL  
CONCERT  
HALL \ AN  
CEOLÁRAS  
NÁISIÚNTA

**AN CEOLÁRAS NÁISIÚNTA**

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2020



## Clár

|  |    |
|--|----|
| Faisnéis   | 1  |
| Réamhrá an Chathaoirligh                           | 3  |
| Réamhrá Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin            | 9  |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Baill an Bhoird | 13 |
| Ráiteas Maidir le Rialú Inmheánach                 | 18 |
| Tuarascáil an Iniúcháin                            | 21 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas                  | 24 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach                     | 25 |
| Ráiteas ar an Seasamh Airgeadais                   | 26 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid                       | 27 |
| Nótaí i Leith na Ráits Airgeadais                  | 28 |



Bach Collegium an tSeapáin agus Seoltóir Masaaki Suzuki

# FAISNÉIS

## **Bord**

Maura McGrath (Cathaoirleach)  
James Cavanagh (athcheapaithe 28 Iúil 2020)  
Rebecca Gageby (athcheapaithe 28 Iúil 2020)  
Gerard Gillen (ar scor 24 Meitheamh 2020)  
Hilary Hough (ceapaithe 3 Nollaig 2020)  
Eleanor McEvoy (éirithe as 1 Meitheamh 2020)  
Máire O'Connor  
Michelle O'Sullivan (ceapaithe 3 Nollaig 2020)  
John Reynolds  
Don Thornhill

## **Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin**

Simon Taylor

## **Rúnaí**

John Nolan

## **Príomhoifig**

Ardán Phort an Iarla,  
Baile Átha Cliath 2


## **Baincéirí**

Banc na h Éireann,  
39, Faiche Stiabhna,  
Baile Átha Cliath 2.

## **Aturnaetha**

Philip Lee Solicitors,  
7/8, Ardán Wilton,  
Baile Átha Cliath 2.





Ceiliúradh na Nollag le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann - ceolchoirm phíolótach le lucht féachana i mí na Nollag 2020



Sruth Beo NCH le Denise Chaila



Sruth Beo NCH le Tara Erraught

# BROLLACH LEIS AN GCATHAOIRLEACH



Mar Chathaoirleach ar an gCÁN ba mhaith liom mo réamhrá don Tuarascáil Bhliantúil 2020 a chur i láthair. Mar is eol dúinn go léir, ba mhór an chailliúint í an bhliain 2020 don oiread sin daoine agus ba bhliain mhór í chun dul í dtaithe chomh maith. Faraor, tháinig líon uafásach an bháis agus na slite beatha a chailleadh go trom ar phobail uile na tíre agus, ag deaireadh na bliana, bhí os cionn 2,000 daoine gafa ag an gCoronavíreas, rud a d'fhág lorg buan an bhróin agus an bhriseadh croí ina dhiaidh. Rinneadh teacht aniar mhuintir na hÉireann a thástáil, a thástáil go mór.

Bíodh é an ceol, an amhránaíocht, an litríocht, na minealaíona, an drámaíocht, an rince nó an amharclann a bhí i gceist, choimeád foirmeacha ealaíne na hÉireann misneach an phobail beo le linn an duaircis. Chuir ealaíontóirí Éireannacha go mór lenár bhfolláine in ainneoin gur scriosadh a slit beatha féin nuair a thit an phaindéim orainn i mí an Mhárta seo caite. Nuair a thagann an phaindéim seo chun críche, creidim go mór go gcaithfidimid a chinntiú ní amháin go dtiocfaid siad slán as ach go mbeidh siad arís faoi bhláth chomh maith. Mar a dúirt ár bPátrún an t-Uachtarán Mícheál D. Ó hUigín agus a chuid dóchais a chur in iúl aige 'go dtiocfaimid as an gceo millteach díblithe seo le léargas nua romhainn agus luachanna nua inár gcroí.'

Mar Chathaoirleach ar an gCÁN, creidim go bhfuil ról bunúsach ag ár n-Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta chun folláine an phobail a chothú agus chun cur lenár dtéarnamh náisiúnta.

D'óstáil an CÁN a léiriú beo deireanach ar an 11 Márta 2020. Faraor tá ár halla mór agus ár seomraí ceadail dúnta ó shin i leith, ach ar chúis mhaith, chun ár lucht féachana, ár n-ealaíontóirí agus ár mbaill foirne a choinneáil slán.

Sula dhúnamar i mí an Mhárta, bhí sraith léirithe aoibhinn ar siúl sa CÁN ag tosú le Ceolchoirm Cheiliúrtha Bliantúil na hAthbhliana leis an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ. Lean an tsraith Ceolchoirme Idirnáisiúnta ar aghaidh le healaíontóirí idirnáisiúnta den scoth agus ceiliúradh an Beethoven 250 & CSNRTÉ.

Léiríodh réimse éagsúil ceoil chomhaimseartha le linn na chéad ráithe de 2020 agus rinneadh Imagining Ireland, clár speisialta a chuireadh le chéile i gcomhar le Cultúr Éireann, ag an mBarbican i Londain sular cuireadh faoi ghlas é.

Lean ár gclár Foghlama & Rannpháirtíochta, a fhreastalaíonn ar réimse leathan lucht féachana de réir agus de réir chúlra, ag cur stór a chuid léirithe, ina measc Music in the Classroom, Junior Song School, Bring along a Baby and Tea Dance Tunes, do lucht féachana a bhfuil an néalrú orthu.

Ag ceann de na himeachtaí poiblí deireanacha sa CÁN i mí Mhárta na bliana 2020, ceiliúradh Lá Idirnáisiúnta na mBan le hócáid ar leith dar teideal 'Make Your Own Markievicz'. D'fhreastail an t-Uachtarán Mícheál D. Ó hUigín agus a bhean Sabina ar an ócáid, a raibh sé de phribhléid agam a óstáil i seomraí ceadail Kevin Barry a athchóiríodh le déanaí. Rinne an tráthnóna ceiliúradh ar ghnéithe iomadúla an Chuntaois Markievicz, ag iniúchadh ar íomhánna codarsnacha a saoil agus machnamh ar go leor saincheistanna reatha lena n-áirítear náisiúntacht, eitneachas agus inscne.



Chuir an CÁN clár saibhir, éagsúil agus uailmhianach le chéile don bhliain 2020. Bhí an t-ádh linn ar bhealach go rabhamar in ann cuid den chlár a chur i láthair go luath sa bhliain dár pátrúin. Tá tuilleadh sonraí faoin gclár seo le fáil in Aguisín I.

I ndiaidh an fhógra go ndúnfar na hInstitiúidí Cultúrtha go léir don phobal ón 12 Márta, chuaigh an CÁN i mbun na slí a b'fhearr chun ár láithreachta a chothabháil agus a chothú i bpobal na tíre agus chun ceangal lenár lucht féachana trí cheol.

Mar sin, bhí gá le haistriú bunúsach a dhéanamh ó 'lár-ionad léirithe an cheoil bheo' go dtí clár léirithe uailmhianacha ar líne. Samhlaíodh bealaí nua agus feabhsaíodh ardáin dhigiteacha lena chinntiú go bhfanfaimis i dteagmháil lenár lucht féachana dílis agus go mbeadh an ceangal ann fós againn leo siúd le dúil sa ceol acu nach raibh in ann bogadh amach ón mbaile.

Tar éis cealú na gceolchoirmeacha beo, bhí ar fhoireann an CÁN déileáil go hógair le healaíontóirí mar aon le breis agus €0.8m a aisíoc le pátrúin as réamhdhíolachán ticéad. Meastar gur tháinig laghdú thart ar €7.8m ar luach dhíolacháin ticéad, ina measc ceolchoirmeacha Ginearálta, de chuid RTÉ agus de chuid an CÁN féin, don bhliain 2020 de dheasca dhúnadh na CÁN. (Bhí tionchar díreach ar ioncam an CÁN ag laghdú díolacháin na dticéad dá chuid ceolchoirmeacha féin agus laghdaigh a chuid ioncam as coimisiúin de dheasca an laghdaithe ar líon iomlán na dticéad a dhíoladh do na ceolchoirmeacha eile).

Bhí ar bhainistíocht agus foireann CÁN teacht i dtaithe ar obair cianda thar oíche chun a chinntiú go dtabharfaí tacaíocht le haidhmeanna agus gníomhaíochtaí an CÁN agus chun teagmháil leanúnach lena cairde, a hurraitheoirí, a tionscnóirí, a lucht féachana agus a healaíontóirí a chumasú. Faraor, níl roinnt ball foirne fáilteachas linn faoi láthair ach tá súil againn go bhfillfidh siad nuair a atosóidh léirithe beo sa bhliain 2021.

Cuireadh tús le clár beoshruith an CÁN i mBealtaine na bliana 2020 agus áiríodh ann machnaimh sruthaithe ar an bpaindéim ag rogha ealaíontóirí Éireannacha. Tá cláir Foghlama & Rannpháirtíochta an CÁN dírithe ar imeachtaí ar líne agus imeachtaí hibrideacha freisin.

Ba rí-tábhachtach é seo i rith na bliana seo – ag déanamh teagmháil agus ag nascadh leis na céadta leanbh in ospidéal phéidiatraiceacha le cláir aghaidh ar aghaidh agus ar líne a thugann an ceol do dhaoine atá ag téarnamh ina n-aonar agus do lucht féachana a bhfuil an néalrú orthu agus a dteaghlaiigh.

Tugann ár gceolchoirmeacha beo-shruthaithe an deis dúinn teagmháil a dhéanamh le lucht féachana níos faide i gcéin agus gníomhú ar bhealach, mar ambasadóirí cultúrtha do gach deá-ghné an cheoil sna laethanta corracha seo. (Tuilleadh eolais ar fáil in Aguisín II).

In ainneoin dúshláin na paindéime, ba thréimhse uailmhianach agus rathúil í an bhliain 2020 ón dearcadh ealaíonta de don CÁN agus mhéadaigh sí ár gcumas ceolchoirmeacha srutha digítí beo den scoth a chur ar fáil chomh maith.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ón Aire Catherine Martin TD agus a foireann díograiseach sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán ('R/TCEGSM') agus ba mhaith liom ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leo.

Chuir an tacaíocht seo ar chumas na CÁN a cuid airgeadas a a chomhardú don bhliain 2020 agus cóimheá airgid a bhaint amach ag deireadh na bliana. Ba lámh tharrthála don CÁN í deontais an Stáitchiste a fuarthas sa bhliain 2020, go mór mór toisc gur éirigh linn trealamh sruthú físe a raibh géarghá

leis a cheannach agus gur lig sí dúinn cúlchiste oibríochta a choinneáil a bhí riachtanach dúinn chun féachaint chun tosaigh ar an mbliain a bhí romhainn le tuilleadh muinín inar gcróí. Ba mhór an t-áthas a chuir sé orainn chomh maith go rabhamar in ann ár bhfoireann bhuan go léir a choimeád sa phost.

Tá sí mar Fhís don CÁN go measfar orainn ar fud an domhain mar cheann de na hionaid is iontaí an cheoil agus mar shiombail de bhród náisiúnta í do mhuintir na hÉireann i ngach aird na cruinne.

Chun é seo a bhaint amach, táimid mar Bhord ag cur Ráiteas Straitéise na mbliana 2021 go 2025 a chur le chéile faoi láthair i dteannta lenár gcomhpháirtithe sa Rialtas. Beidh na príomhthionscnaimh seo mar bhunchlocha leis:

Athróidh gealltanais an Rialtais, maidir lená hathfhorbairt faoi Project Ireland 2040, an CÁN go dtí an tIonad Náisiúnta do léiriú ceoil in Éirinn. Bainfidh an infheistíocht chriticiúil seo amach cumas Ardán Phort an Iarla foirgneamh den scoth, halla éisteachta athchóirithe, cliar ealaíontóirí feabhsaithe, spásanna léirithe níos fearr agus áiseanna fáiltachais uasghráidithe a chur ar fáil. Sé deis na hathfhorbartha seo, atá le tosú ag tógáil sa bhliain 2022, ná aisling an CÁN maidir lena freastal mar suíomh ar leith d'ealaíontóirí, do lucht féachana agus do phobal na hÉireann a fhíorú. Tá saineolas Oifig na nOibreacha Poiblí ('OOP') ag obair i dteannta leis an gCÁN chun chomhobair suntasach a chur ar siúl lena chinntiú go mbeimid in ann ár gcuspóirí maidir le ceann de na suíomhanna is stairiúla i mBaile Átha Cliath a bhaint amach. Ligfidh an infheistíocht seo don CÁN glúin nua ceoltóirí agus lucht ceoil a spreagadh agus a fhreastail uirthi mar an t-ionad is mó mhór-chuairte agus spás cultúrtha na hÉireann don náisiún.

Táimid ag an gcéim dheiridh de phleananna an Rialtais maidir leis an gCSN a aistriú ó RTÉ chuig an gCÁN. Is cuid lárnach dár bhfís í an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta ('CSN') agus cinnteoidimid le chéile go ndéantar ceol siansach a fhorbairt agus a thacú in Éirinn. Cuirimid fáilte roimh CSN RTÉ agus aithnímid an rannpháirtíocht mhór a ghlacfaidh siad agus sinne ag cur clár cruthaitheach, gafa agus samhlaíoch le chéile dár lucht féachana dílis agus dár lucht féachana dílis atá le teacht go luath. Tá grúpa maoirseachta faoi chathaoirleacht ár Roinne ag obair ar roinnt ceisteanna pearsanra i gcomhar le RTÉ agus an CÁN chun aistriú éasca a chinntiú. Tá súil againn go gcuirfear é seo i gcrích faoi lár na bliana 2021.

Is príomh-cheist agus is cuid riachtanach í athoscailt an CAN dár straitéis ghearrthéarmach agus sinn ag teacht chugainn féin ó éifeacht na paindéime. Is gá machnamh cúramach a dhéanamh ar 'Teacht ar ais níos láidre' agus táimid dírithe anois ar an gcaoi a réitimid an bealach le haghaidh filleadh rathúil i ndiaidh na paindéime

Tugann taighde le fios dúinn go bhfuil rioscaí ann maidir le dílseacht an lucht féachana in ionaid Ealaíon agus Cultúir. Nuair a fiafraíodh de lucht féachana na n-amharcealaíona agus na dtailbhealaíona sa bhliain 2009 faoin seans go ndéanfadh staid na heacnamaíochta difear dá gcumas filleadh tar éis na géarchéime airgeadais, bhí a gcuid ionchais i bhfad níos dóchasach ná an fhírinne dhá bhliain ina dhiaidh sin.

Fuair staidéar a rinne Bord Comhairleach na n-Ealaíon (ABA) le déanaí go gcaithfidh éilimh beagán faoi bhun dhá thrian den lucht féachana a bheith ag teastáil an fhoirm ealaíne dá rogha féin a bheith ionann agus na rudaí is mó luach dóibh - sé sin, caithfidh forbairt na chomhluachanna agus an brí ina saol a éirí níos feiceálaí anois agus b'fhéidir nach leor é an cur chuige traidisiúnta chun an dílseacht sin a thógáil sna blianta amach romhainn.

Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh lucht féachana ar ais chuig an gCÁN nuair a bheidh sé sábháilte é sin a dhéanamh leis an gcúram agus an aird is mó agus is féidir chun ár n-ealaíontóirí, lucht féachana agus baill foirne a chosaint faoi mhaoirseacht dhian ar ár bhFoireann COVID-19. Tá clár ceoil, léirithe agus amhrán an-speisialta agus oiriúnach beartaithe don shéasúr 2021/22 a bheidh ar fáil ar líne go dtí go bhféadfaimis an doras a oscailt agus taitneamh a bhaint as léiriú beo arís ag an gCÁN. Tá súil againn

go háirithe go mbeimid in ann 40 bhliain an CÁN a cheiliúradh i mí Meán Fómhair na bliana 2021 agus táimid ag obair i gcomhar le CSN RTÉ chun ceiliúradh oiriúnach a chinntiú.

Gabhann Bord an CÁN air féin ár gcomhluchanna agus an méid a sheasaimid ar a son a chur in iúl agus beidh sé mar bhunchloch ár Ráiteas Straitéise 2025 ná an tacaíocht a thugaimid don phobal agus d'fholláine gach gné a bhaineann le saol na tíre, go háirithe iad siúd maidir le héagsúlacht agus le hionchuimsitheacht. Creidimid gur chóir an cheart a thabhairt do gach éinne ó gach cúlra rochtain a fháil ar an bhfeabhsú saoil is féidir a theacht as tuiscint a fháil ar na healaíona. Is oiriúnaí fós é go dtosóimidne sa CÁN anois ag réiteach an bhealaigh chun tosaigh, mar fhreagairt ar easpa na gclár pearsanta inmheánaithe agus raon laghdaithe na mothúchán a mbaineann le lucht féachana agus iad i gcoraintín agus faoi dhianghlasáil.


I rith na bliana cuireadh tús le próiseas chun POF nua a earcú i mí Iúil tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus thosaigh an t-iarrthóir roghnaithe Robert Read ar an obair ar an 1 Feabhra 2021. Chuaigh Simon Taylor ar scor tar éis dó dhá théarma a chaitheamh mar POF ag an gCÁN. Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne Simon le linn na tréimhse sin. Chabhraigh ceannaireacht agus dúthracht Simon go mór le próifíl agus le cáil an CÁN a ardú. Guím gach rath ar Simon agus ar Hilary ina gcuid saoirse nua-aimsithe.

Gabhann an Bord agus mé féin buíochas leis an bPOF, leis an Ardbhainistíochta agus leis an bhFoireann as a ndúthracht, as a dteacht aniar agus go háirithe as a gcumas teacht i dtaithe chomh héasca sin ar na socruithe oibre nua i rith na bliana seo caite, rud a chuidigh go mór leis an gCÁN ár láithreach náisiúnta a choinneáil beo agus an ceangal tríd an gceol lenár lucht féachana a chaomhnú.

Mar Chathaoirleach, is mian liom i dteannta le mo chomhstiúrthóirí aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a fuaireamar ón OOP agus dearadh agus pleanáil á ndéanamh againn maidir le todhchaí an CÁN. Aithnímid freisin an chomhobriú le RTÉ chun aistriú éasca an CSN a chur i gcrích. Is mór againn tacaíocht leanúnach ár n-urraitheoirí a d'fhan dílis in ainneoin gur tháinig deireadh lenár gcuid léirithe poiblí i mbliana agus go raibh orthu dul ar líne.

Is mian liom aitheantas a thabhairt le mo bhuíochas pearsanta as an tacaíocht leanúnach a fuair mé ó mo chomhstiúrthóirí agus as a ndúthracht gan staonadh i rith na bliana 2020 agus go háirithe as na Zúmchruinnithe go léir a fhulaingt - go raibh maith agaibh.

Gabhaim buíochas ar leith lenár bpátrún An t-Uachtarán Mícheál D. Ó hUigín agus a bhean Sabina a thacaíonn go láidir leis na hEalaíona. Agus ar deireadh, ba mhaith liom críochnú trí rá nach dtarlódh a leithéid gan an tacaíocht daingean agus dúthracht a fuaireamar ón Aire Catherine Martin TD agus a foireann den scoth sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meáin.



**Maura McGrath**

Cathaoirleach

Dáta: 27 Bealtaine 2021

# AGUISÍN I

- Ceolchoirm Cheiliúrtha Bliantúil na hAthbhliana an CSN
- Léirithe iomlána ar stáitse den cheoldráma 'Oliver'
- Sraith Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta an CÁN leis an bpianódóir Simon Trpčeski
- Camerata Ireland agus Barry Douglas
- Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann
- Zoran Dukić
- Ceolfhoireann Ceolchoirme RTÉ - A Night at the Oscars
- Requiem de chuid Dvořák á sheinm ag an gCSN
- Ceol sa Seomra Ranga - ceolchoirmeacha ar churaclaim an Teastais Sóisearaigh agus na hArdteiste.
- Ceolchoirmeacha Foghlama & Rannpháirtíochta an CÁN atá deartha chun freastal ar dhaoine ceoil ó réimse leathan ceolchoirmeacha ó 'Bring Along a Baby' go 'Junior Songschool' go dtí 'Tea Dance Tunes'
- Tionól Ceol Aireagail
- Béla Fleck agus Abigail Washburn
- Ceolfhoireann Aireagal Sasana
- Beethoven 250 le Finghin Collins
- Na Feimineoirí á bhFuaimniú
- Éire á shamhlú le Lisa O'Neill, Denise Chaila, Radie Peat, SOAK
- Ceolchoirm Cheiliúrtha Johann Strauss
- An CSN á stiúradh ag Leonard Slatkin i gcomhair cheiliúrtha Beethoven 250
- Sraith Ealaíontóirí Óga le Sinéad O'Kelly
- Ceolchoirm Grúpaí Taibhithe an ARCÉ
- Agallamh leis an údar sárdhíola idirnáisiúnta Marion Keyes
- Eleanor McEvoy, Maura O'Connell agus Wallis Bird leis an gCeolfhoireann Ceolchoirme RTÉ - A Woman's Heart Orchestrated
- Tionscadal na nAmhrán Ealaíne Gaeilge
- Saol agus ceol Maria Callas
- Bach Collegium Japan leis an stiúrthóir Masaaki Suzuki chomh maith le léiriúchán iomlán de Fidelio, an ceoldráma amháin curtha i leith Beethoven.

## AGUISÍN II

- Tara Erraught agus Dearbhla Collins
- Machnaimh sruthaithe ar an bpaindéim, á dtabhairt ag ealaíontóirí éagsúla náisiúnta (m.sh. Caoimhín Ó Raghallaigh) agus idirnáisiúnta (m.sh. Joyce DiDonato);
- Paul Noonan
- Lisa O'Neill
- Barry Douglas
- An ceolchoirm 'Óid don Aoibhneas' á sheinm mar ómós do laochra túsline na hÉireann inar chomhoibrigh 30 eagraíocht náisiúnta ar fud na hÉireann (arna gcoimeád ag comh-stiúrthóir an CÁN, an tOllamh James Cavanagh) agus le tacaíocht ónár bpátrún Uachtarán Mícheál D. Ó hUigín don ócáid seo ar bhonn náisiúnta. Chomhordaigh siad a mbaill le chéile ina raibh ionstraimithe, amhránaithe, damhsóirí agus taibheoirí na hÉireann páirteach agus a thug cuireadh do gach duine fásta agus leanbh in Éirinn an t-Amhrán Eorpach a sheinm ar leac an dorais acu ar Lá Ceoil na hEorpa, Dé Domhnaigh an 21 Meitheamh 2020.
- Oíche cheoil a cuireadh i láthair mar cheolchoirm dar teideal 'Elegy' a bhí tiomnaithe dóibh siúd a d'éag le linn na géarchéime Covid-19 ina raibh Cór Aireagail na hÉireann, Iarla Ó Lionáird, Rhiannon Giddens agus Claire Duff ag glacadh páirt, áit a sheinneadh Requirm de chuid Fauré mar phársa lárnach.
- Christy Moore
- Lir Quartet
- Music Town
- Jennifer Walsh
- Denise Chaila
- Caoimhín Ó Raghallaigh
- Junior Brother
- 'Tradition Now Marathons' inar léirigh an Chomhairle Ealaíon agus sinn féin an chuid is fearr de cheol traidisiúnta comhaimseartha na hÉireann agus den cheol traidisiúnta idirnáisiúnta i dhá cheolchoirm beoshruthaithe maratón
- Paul Brady
- Crash Ensemble
- Finghin Collins agus Ceolfhoireann Barócach na hÉireann
- Ceolfhoireann Aireagal na hÉireann
- Rhiannon Giddens agus Francesco Turrisi
- Buaiteoirí 'Na Feimineoirí á bhFuaimniú' na bliana 2020 Jennifer Walsh agus Claudia Schwab
- Ceolfhoireann Barócach na hÉireann
- Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann
- Sraith Sonáidí agus Ceathairéad Téadach de chuid Beethoven le Sinead Campbell-Wallace, John O'Connor, Hugh Tinney agus William Butt
- Martin Hayes
- Ceiliúradh Nollagan Cheolfhoireann Aireagal na hÉireann abhíarcheann den achéad cheolchoirmeacha hibrídeacha (líon an lucht féachana srianta ag 100, ár n-Aire ina measc, faoi choinníollacha rialaithe) ar an 19 Nollaig 2020 inar tháinig meascán de lucht féachana beo agus fíorúil le chéile
- Carúil Nollag le Cór Ardeaglaise Phádraig
- Clár Nollag de 'A Festive Mr. Fox' dár lucht féachana níos óige

Ba mhaith liom freisin cúnamh suntasach na gCeolfhoirne RTÉ a mholadh as a sraith ceolchoirmeacha ón NCH a shruthlú le linn na bliana 2020 agus a chuidigh go mór le rath iomlán ár gcláir.



# BROLLACH LEIS AN BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN



Ní mar an gcéanna le haon bhliain eile a bhí sa bhliain 2020 don Cheoláras Náisiúnta. Suas go dtí mí an Mhárta seo caite, ba í an tréimhse is faide ina raibh an ionad dúnta i gceann daichead bliain ná an ceithre lá a cailleadh de bharr stoirmeacha sneachta an 'Beast from the East' i mí an Mhárta 2018. Mar sin, d'ionad a chuireann fáilte de ghnáth roimh os cionn míle imeacht in aghaidh na bliana, ní fhacthas riamh tionchar chomh uafásch i gcomparáid lena leithéid a bhain leis an bPaindéim Covid-19.

Cé go dtugann sé áthas dom a chur in iúl gur tháinig an CÁN slán as, mar thoradh ar an maoiniú breise suntasach a bhfuarthas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (R/TCEGSM), is tubaisteach iad éifeachtaí na paindéime ar an bpobal ceoil, in Éirinn agus thar lear. Tuigim go maith drochthionchar airgeadais agus mothúcháinach na bpaindéime ar ealaíontóirí, ensemblí, tionscnóirí, gníomhairí agus gach éinne atá ag obair san earnáil seo, ár bhfoireann ócáideach féin san áireamh. Braitheann an CÁN ar na daoine seo le haghaidh ár ngnó a chur i bhfeidhm agus tá súil agam go bhfillimid ar ghnáth-leibhéal na gceolchoirmeacha sa bhliain 2021, rud a ligfidh dár n-earnáil a cuid gnó a atógáil agus dár n-ealaíontóirí a gcuid a thuilleamh mar atá tuillte dóibh as a gcuid buanna agus a gcuid oibre dian.

Mar a thagair an Cathaoirleach Maura McGrath cheana féin, mar thoradh ar an maoiniú breise agus ar bhainistíocht láidir acmhainní, bhain an CÁN meá ar mheá airgeadais amach le haghaidh na bliana 2020, toradh iontach agus na cúinsí a chur san áireamh. De ghnách, tagann beagnach dhá thrian d'ioncam an CÁT as díolacháin ticéad, cíos ionaid agus gníomhaíocht tráchtála eile, ach ní raibh an deis againn mórán da leithéid de ghnó a dhéanamh sa bhliain 2020. Táimid an-bhuíoch don Aire agus don Roinn Turasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spóirt agus na Meáin (R/TCEGSM) as a dtacaíocht, idir airgeadais agus mhorálta, i rith na bliana a chuir ar ár gcumas leanúint ar aghaidh as ceolchoirmeacha agus seirbhísí teagmhála a chur ar fáil ar líne. Táimid buíoch freisin dár n-urraitheoirí agus dár ndeontóirí a lean ag tabhairt tacaíocht dár gcuid oibre trí na laethanta deacra seo.

Sular bhuaill an phaindéim orainn i mí an Mhárta, bhí tús maith curtha leis an mbliain le clár láidir imeachtaí agus tinreamh den scoth ar fud raon iomlán ár ngníomhaíochtaí. I measc bhuaicphointí na chéad ráithe bhí Ceolfhoireann Aireagail Shasana, Camerata Ireland agus Barry Douglas, an pianódóir Simon Trp eski agus Bach Collegium Japan inár Sraith Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta; Ceolchoirmeacha Imagining Ireland ag an NCH agus Barbican Londain (curtha i láthair i gcomhar le Cultúr Éireann); Bela Fleck agus Abigail Washburn inár sraith Perspectives agus tráthnóna leis an úrscéalaí Marian Keyes. Bhí rath ar an gclár ceoil aireagail freisin, le díriú faoi leith ar cheol Beethoven chun 250 bliain ó rugadh é a cheiliúradh.

Ba bheag nár cheap éinne nuair a iarradh orainn dúnadh don phobal ar an 12 Márta nach bhfeicimid Halla líonta don chuid eile den bhliain. Ar dtús agus faraor, díriodh cuid mhaith dár gcuid ama agus iarrachta sna míonna a bhí amach romhainn ar na céadta imeacht a chealú nó a athsceidealú, pátrúin a aisíoc agus a chinntiú go bhfaigheadh na healaíontóirí a gcuid táillí cealaithe mar ba chóir. Ba mhaith liom gach ball foirne an CÁN a bhí páirteach a mholadh, go háirithe toisc go raibh orainn go léir oibriú ón mbaile, rud a rinne sé níos deacra agus níos fadálaí dúinn an tasc ollmhór seo a dhéanamh.

De réir mar a tháinig méid agus fad dóchúil na paindéime chun solais, dhíriomar ar an gcaoi a bhféadfaimis láithreach fóna agus ábhartha ar líne a fhorbairt agus a choinneáil, ag cur solás an cheoil ar fáil dár lucht féachana agus saothar ríthábhachtach ar fáil dár n-ealaíontóirí. I mí Bealtaine agus i mí



I mí Iúil 2020, chuir an Ceoláras Náisiúnta ceolchoirm srutha beo speisialta 'ELEGY' i láthair dóibh siúd a d'éag ó Covid-19. Ar a mbeidh Chamber Choir Ireland agus an Chamber Ensemble ag léiriú Fauré's Requiem, chomh maith le léirithe le Iarla O'Leonaire, Rhiannon Giddens, Francesco Turrisi agus Claire Duff



Freastalaíonn an tAire Catherine Martin TD ar Cheiliúradh na Nollag le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, ceolchoirm phiolótach le lucht féachana i mí na Nollag 2020



Ag samhlú sruth beo na hÉireann le Caoimhín Ó Raghallaigh



Stiúideo Digiteach NCH



Meithimh chuireamar ár gcéad sraith ceolchoirmeacha ar líne i láthair, le healaíontóirí ag seinm beo ar stáitse an NCH, cé gurbh halla folamh a bhí inti. Léirigh na himeachtaí seo réimse ár n'gnáth'chlár, ina measc mezzo-soprano Tara Erraught (le Dearbhla Collins, pianó), fear tosaigh BellX1 Paul Noonan, ceolchoirm aonair le Lisa O'Neill agus ceadal an phianódóra Barry Douglas. I mí Meithimh, d'óstálar ceolchoirm ar leith le Cór Aireagail na hÉireann chun cuimhneamh orthu siúd a chailleadh den Chovid-19.

Mar thoradh ar rath na n-imeachtaí seo agus le cúnaimh a fháil ó mhaoiniú speisialta na Roinne, chuir an CÁN an bonneagar físe riachtanach isteach a d'fhéadfadh sruthú beo agus taifeadadh chun chraoladh a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. I dteannta a chéile, d'fhorbair foireann an CÁN clár fairsing atá dírithe ar thacú agus chur chun cinn ceoltóirí na hÉireann agus iad ag déanamh ceoil le linn géarchéim gan fasach. Chuir sé seo ar chumas an Halla gníomhú mar mhol ceoil náisiúnta 'fíorúil' agus leanúint ar aghaidh ag cur taithí ar leith ar fáil beo ar líne dár lucht féachana. Leanamar lenár gcomhpháirtíocht le na daoine sa bhaile, sa phobal agus i suíomhanna cúram sláinte, agus nasc a dhéanamh againn leo ag díriú ar thionchar fíorshuntasach an cheoil le linn tréimhse trámach i saol a lán daoine.

Tháinig méadú suntasach ar ár gclár ar líne ó mhí Meán Fómhair, ina measc ceol traidisiúnta na hÉireann (Kevin O'Reilly agus Cormac Begley; Tradition Now Marathon) agus ealaíontóirí comhaimseartha óga mar Denise Chaila, agus bunaíodh snáithe tráchtála íoc-mar-amharc ar a bhfuil, mar shampla, mór-ealaíontóirí Éireannacha mar Christy Moore agus Paul Brady agus saothar nua leis an gcumadóir Jennifer Walsh ar fáil. Reáchtáladh sraith nuálach agus comhoibritheach den cheol

clasaiceach inar ghlac Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann, Cór Aireagail na hÉireann agus Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann páirt. I mí na Nollag, seinneadh ceathairéidí dhéanacha de chuid Beethoven agus a chuid cheoil aireagail eile ag ceiliúradh ar leith ina ómós chomh maith le ceadal ag an bpianódóir John O'Connor.

Chuaigh ár ngníomhaíocht fhairsing Foghlama & Rannpháirtíochta ar líne freisin, ag cur clár leathan mór le rá ar fáil go rathúil a chuimsigh Online Tea Dance Tunes (ceolchoirmeacha do lucht féachana a bhfuil an néalrú orthu); máistir-ranganna ar líne (lena n-áirítear 2ú Máistir-rang Idirnáisiúnta an CÁN i mí Lúnasa); cúrsaí agus imeachtaí ceoil a bhfuil coimeádaíocht ar leith orthu do leanaí; agus fiú roinnt cuairteanna pearsanta ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin agus ar roinnt ionad sa chlár Music in Children's Hospitals nuair a cheadaítear iad faoi shrianta an Rialtais. Tá aistriú an-éifeachtach ar líne déanta ag an gClár duais-bhuaite Stiúrthóra Baineann, atá urraithe ag Grant Thornton.

Mar a luadh cheana, cuireadh ar chumas gach ball foirne lánaimseartha an CÁT ar féidir leo, obair ón mbaile agus lean cúrsaí mar seo tríd an gcuid eile den bhliain. Bunaíodh foireann tacaíochta Covid 19 chun a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán le treoirlínte uile an Rialtais, lena n-áirítear iad siúd a raibh orthu oibriú ar an láithair. Áiríodh leis seo, ag amanna éagsúla nuair a cheadaíodh na srianta, baill an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ ag leanúint ar aghaidh ag seinm dá lucht féachana raidió agus ar líne, cé go ndearna said amhlaidh le pearsanra laghdaithe i Halla folamh. Gan amhras b'iad craoltaí agus beoshruithanna na CSNRTÉ ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag ar cheann de bhuaicphointí cultúrtha na bliana, ag tairiscint léará dóchais seachtainiúil do phobal an cheoil le linn na laethanta gruama.

Tar éis an chinnidh a rinneadh sa bhliain 2019, d'fhógair an tAire Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair agus Buiséad 2021 á chur faoi bhráid na Dála aige go ndearnadh leithdháileadh ar luach €8 milliún chun aistriú na Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta a chumasú ó RTÉ go dtí cúram an Cheolárais Náisiúnta. Meastar go gcuirfean an próiseas seo i gcrích faoi lár na bliana 2021, faoi réir gach socrú casta riachtanach a bhaineann le cúrsaí airgeadais, bainistíochta, pearsanra agus ealaíne a bheith i bhfeidhm don cheolfhoireann agus don CÁN araon.


I rith an tsamhraidh, arna cheadú ag a dúnadh leanúnach don phobal, rinne Oifig na nOibreacha Poiblí ('OOP') go leor oibreacha breise suirbhéireachta agus imscrúdaithe i leith pleananna athfhorbartha an CÁN. Tar éis don Aire faomhadh a thabhairt don Chás Réamh-Ghnó maidir leis an mórthionscadal caipitil seo, coimisiúnaíodh Lán-Cás Gnó, a bhí le críochnú go luath sa bhliain 2021. Áireofar leis seo obair mhionsonraithe ailtireachta agus dearaidh ag an OOP chomh maith le breithmheas eacnamaíoch agus anailís ar an éileamh, mar a éilítear sa Chód Náisiúnta um Chaiteachas Phoiblí. Meastar go dtosóidh an obair i lár na bliana 2022 i gcomhpháirtíocht leis an OOP agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

Agus an bhliain ag druidim chun deiridh, lig tréimhse ghearr scíthe na srianta (agus le beannacht ar leith an Aire) dúinn ceolchoirm Nollag beo amháin a sheinm os chomhair lucht féachana dáiríre. Ag comhlíonadh na prótacal dian sláinte agus sábháilteachta, rinne Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann clár uair an chloig do gan ach 100 duine sa halla mór. Ba ócáid an-chorraitheach í do thaibheoirí, don lucht féachana agus d'fhoireann an CÁN araon, ag cur i gcuid dhúinn go léir ar an méid a chailleamar nuair nach raibh an taithí iontach ar leith ar fhíor-cheoltóirí ag seinm do lucht féachana dáiríre ar fáil dúinn!

Mar sin, mar a dúirt mé ar dtús, ní raibh a leithéid de bhliain ann riamh. Ba mhaith liom ómós a thabhairt do fhoireann uile na CÁN as an gcaoi inar fhreagair siad ina n-aonair agus ina dteannta ar dhúshláin iomadúla agus éagsúla na bliana, ag taispeáint nuálaíocht, díograis agus teacht aniar ar chomhchéim a chéile. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt d'obair eisceachtúil na Foireann Bainistíochta Sinsearaí. Mar gheall ar na cúinsí a bhí ag athrú ó lá go lá, bhí ar an FMS bualadh le chéile ar líne beagnach gach lá i rith na bliana agus léirigh siad spiorad foirne iontach chomh maith le ceannaireacht spreagúil a ranna faoi seach.

Go pearsanta agus thar ceann mo chomhghleacaithe go léir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach Maura McGrath agus leis an mBord ar fad as a ndúthracht agus a dtacaíocht eisceachtúil i mbliana. Is mór an t-ualach ar a gcuid ama agus ar a gcuid shaineolais é freastal mar stiúrthóir ar bhonn deonach é le linn na soininne - agus is fad ón soineann a bhí an bhliain 2020! Gabhaimid buíochas freisin leis an Aire Martin agus lena oifigigh sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán as an tacaíocht gan staonadh a thug siad don CÁN i rith na bliana.

Agus mé ag dul ar scor ón gCÁN i mí Eanáir 2021 tar éis beagnach naoi mbliana go leith a chaitheamh ina ceannas, sé seo mo Thuarascáil Bliantúil deireanach. Cé gur léir nárbh í an bhliain deiridh sa ról a bhí beartaithe agam, is féidir liom breathnú siar ar go leor buaicphointí iontacha ceoil agus ar thréimhse inar tharla forbairt suntasach ar an gclár agus ar an eagraíocht. Tá súil agam go bhfágfaidh mé an CÁN in áit mhaith, í réidh le teacht amach as an bpaindéim Covid-19 níos láidre ná riamh, chun an CSN a athbheochan agus a atógáil faoina cúram agus dul i mbun go díograiseach agus go bríomhar leis an deis urghnách a thugann an athfhorbairt tionscadal sna blianta amach romhainn. Guím gach rath agus sásamh ar mo chomharba Robert Read sa ról agus táim ag tnúth le go leor tráthnóna eile de cheol iontach ag an gCÁN i mo ról nua mar bhall den lucht féachana!



**SIMON TAYLOR**

Príomh-Feidhmeánach

Dáta: 29 Eanáir 2021

# AN RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Tá áthas ar an mBord a Thuarascáil a chur isteach mar aon leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

## Príomhfheidhmeanna agus Athbhreithniú Oibríochtúil

Siad príomhfheidhmeanna na heagraíochta faoin Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015 ná:

- an t-ionad náisiúnta a chur ar fáil agus a oibriú, agus aird a thabhairt do chaighdeáin idirnáisiúnta agus do dhea-chleachtas, chun gníomhaíochtaí ceoil, cruthaitheacha, ealaíne agus cultúrtha a léiriú, a thuiscint agus taitneamh a bhaint astu, lena n-áirítear ceolchoirmeacha agus ceadail a bhfuil luach ealaíne, oideachais agus cultúrtha iontu a chur chun cinn,
- ar mhaithe le leas an phobail, feidhmíocht, eolas, meas, cruthú agus taitneamh an cheoil a chur chun cinn agus tacú leis mar chuid lárnach de shaol na hÉireann,
- siamsaíocht a thabhairt don phobal, eolas a thabhairt dóibh agus teagmháil a dhéanamh leo trí thaithí ar an gceol, agus
- uilechuimsitheacht, rannpháirtíocht, cruthaitheacht agus turgnamh sa cheol a spreagadh agus a chur chun cinn trí bhaint le daoine agus pobail éagsúla mar thaibheoirí, rannpháirtithe, cumadóirí nó baill den lucht féachana.

## Torthaí na Bliana

Tá na cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 leagtha amach ar leathanaigh 24 go 39.

Taispeánann torthaí na tréimhse seo ar ghnáthghníomhaíochtaí agus tar éis iad a aistriú chuig cúlchiste athfhorbartha caipitil barrachas de €1,097 (2019 - easnamh de €41,272).

## Príomh-Rioscaí agus Éiginnteachtaí

Baineann na príomhrioscaí agus éiginnteachta a mbeidh tionchar acu ar an eagraíocht don bhliain amach romhainn le himpleachtaí uainiúcháin, oibríochta agus airgeadais athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta agus aistriú na Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta chuige. Chomh maith leis sin, tá cúinsí eile ann atá lasmuigh de thionchar agus rialú an CÁN m.sh. éifeacht COVID-19 ar an dúil atá ag lucht an cheoil filleadh ar cheolchoirmeacha beo ag an gCÁN. Tá rioscaí agus éiginnteachta os comhair na heagraíochta freisin a chuimseodh ach nach mbeadh teoranta do dhálaí eacnamaíocha idirnáisiúnta agus áitiúla, do na héifeachtaí ar chaiteachas custaiméirí i réimse príomhghníomhaíocht na heagraíochta agus dá n-éifeacht ar chaiteachas lánroghnach tomhaltóirí i gcoitinne. Bainistíonn an Bord na rioscaí seo trí iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil tacaíocht airgeadais reatha leordhóthanach ag an eagraíocht, trí phleanáil cheolchoirmeacha sruthú beo go gníomhach agus trí phleanáil an filleadh ar chlár ceolchoirmeacha beo nuair a bheidh géarchéim an ChOVID-19 thart.

## Cúlchistí

Ba é an barrachas carntha ar an gCuntas Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ná €1,475,155 ar an 31 Nollaig 2020 (31 Nollaig 2019 - €1,474,058). Ina theannta sin, b'ionann cúlchistí eile ar an 31 Nollaig 2020 agus €298,109 (31 Nollaig 2019 - €298,109).

## Taifid Cuntasaíochta

Siad na bearta a ghlacann an Bord chun comhlíonadh maidir le taifid chuntasaíochta cearta a chinntiú ná na beartais agus na nósanna imeachta riachtanacha chun idirbhearta a thairfeadh a chur i bhfeidhm, pearsanra cuntasaíochta inniúil a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus an dóthain acmhainní a chur ar fáil do fheidhm an airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta na heagraíochta sa Cheoláras Náisiúnta, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.



## Figúirí Comparáideach

Cuimsíonn figúirí comparáideacha an bhliain 1 Eanáir - 31 Nollaig 2019.

## Rialachas

Bunaíodh Bord An Cheolárais Náisiúnta ('CÁN') faoin Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015 ('Acht'). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gCuid 3 den Acht seo.

Tá an Bord cuntasach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó.

Sé an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ('POF') agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí ('FBS') atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo rialta laethúla an CÁN. Caithfidh an POF agus an FBS an treo straitéiseach fairsing atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na cinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an CÁT.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015 ('Acht'), ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe ar leith le haghaidh cinneadh an Bhoird. I measc na mbuan-mhíreanna a mheastar ag an mBord tá:

- leasanna a dhearbhú,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/na cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Teastaíonn alt 26 den Acht ar Bhord an CÁN, i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus le cead an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí, go gcoinneofar gnáthchuntais cearta ar an airgead a fuarthas agus a caitheadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilfear ar Bhord an CÁN:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais sócmhainnigh más ceart é a ghlacadh go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a rá ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta dóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus caighdeán na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh Gréasáin an CÁN.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht bliana 2020 an CÁN trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don bhuiséad an 3 Nollaig 2020.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, mar thoradh air, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais NCH léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht

airgeadais agus ar staid airgeadais NCH an 31 Nollaig 2020.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais NCH léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NCH an 31 Nollaig 2020.

### Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach ar Bhord NCH chomh maith le hocht ngnáthchomhalta, gach duine acu ceaptha ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí go cúig bliana agus tagann siad le chéile ar bhonn dhá mhí. Luaitear tréimhsí cheapacháin na mball reatha sa thábla thíos:

#### Baill Boird an CÁT agus a gcuid Téarmaí

| Ainm                           | Téarma | Dáta Ceapacháin               |
|--------------------------------|--------|-------------------------------|
| Maura McGrath (Cathaoirleach ) | 5 bhI  | 24 Meitheamh 2016             |
| James Cavanagh                 | 5 bhI  | 28 Iúil 2020                  |
| Rebecca Gageby                 | 5 bhI  | 28 Iúil 2020                  |
| Gerard Gillen                  | 5 bhI  | (ar scor 24 Meitheamh 2020)   |
| Hilary Hough                   | 5 bhI  | 3 Nollaig 2020                |
| Eleanor McEvoy                 | 5 bhI  | (éirithe as 1 Meitheamh 2020) |
| Michelle O'Sullivan            | 5 bhI  | 3 Nollaig 2020                |
| Maire O'Connor                 | 5 bhI  | 24 Meitheamh 2016             |
| John Reynolds                  | 5 bhI  | 24 Meitheamh 2019             |
| Don Thornhill                  | 5 bhI  | 24 Meitheamh 2016             |

Chríochnaigh an Bord meastóireacht neamhspleách ar Éifeachtacht an Bhoird i mí Aibreáin na bliana 2020.

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord, mar a leanas:

1. An Coiste Iniúchta agus Riosca: tríúr bhall an Bhoird. Sé ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, smachta agus rialachais agus as an ngealltanais a bhaineann leo. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, ina measc na gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus i scríbhinn go bliantúil. B'iad baill an CIR ná: Máire O'Connor (Cathaoirleach), John Reynolds agus Don Thornhill. Bhí 4 chruinniú ag an gCIR sa bhliain 2020.
2. An Coiste Straitéiseach um Acmhainní Daonna, Forbairt Eagrúcháin, Feidhmíocht agus Inniúlacht ("CSAD"): beirt bhall an Bhoird chomh maith leis an bPOF agus ball seachtrach amháin eile. Sé ról an CSAD ná tacú leis an mbord ina bhfreagrachtaí as treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbairt eagraíochtúil an CÁN. B'iad baill an choiste ná: Cathaoirleach Gníomhach an CSAD (ón 24 Meitheamh 2019 - 5 Lúnasa 2020) Maura McGrath, Cathaoirleach an CSAD (ón 6 Lúnasa 2020) John Reynolds, Simon Taylor agus Conor Hannaway (ball seachtrach). Bhí 7 gcruinniú ag an CSAD sa bhliain 2020.
3. Choiste Forbairt Suímh an CÁT agus Pleanáil Caipitil ("CFPC"): ceathrar bhall an Bhoird agus an POF. Sé ról an CFPC ná treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d'athfhorbairt an CÁN. B'iad baill an choiste ná: Rebecca Gageby (Cathaoirleach), James Cavanagh, Eleanor McEvoy (go dtí 1 Meitheamh 2020),

John Reynolds agus Simon Taylor. Tá úsáid bainte ag an gCÁN as seirbhísí monatóra tionscadail ar leith chun cabhrú leis an gcoiste pleanáil a dhéanamh do thionscadal athfhorbartha an CÁN. Tuairiscíonn an monatóir seo don CFPC agus freastalaíonn sé ar na cruinnithe rialta. Bhí 7 gcrúinniú ag an gCFPC sa bhliain 2020.

4. An Coiste um Clár, Foghlaim agus Rannpháirtíocht ('CCFR'): ceathrar bhall an Bhoird. Sé ról an CCFR ná forbheathnú straitéiseach a dhéanamh ar an gclár ceolchoirme agus ar an gclár foghlama agus rannpháirtíochta chun tacú le misean an CÁN. B'iad baill an choiste ná: Gerard Gillen (Cathaoirleach go dtí dáta scoir, 4 Meitheamh 2020), James Cavanagh (Cathaoirleach ón 25 Meitheamh 2020), Eleanor McEvoy (éirithe as, 1 Meitheamh 2020) agus John Reynolds. Bhí 10 gcrúinniú ag an gCCFR sa bhliain 2020.

### An Sceideal Maidir le Tinreamh, Táillí agus Costais na Mball

|   | Bord     | CIR      | CSAD     | CFPC     | CCFR      | Expenses      |
|---|----------|----------|----------|----------|-----------|---------------|
| <b>Líon na gCruinnithe</b>                      | <b>9</b> | <b>4</b> | <b>7</b> | <b>7</b> | <b>10</b> |               |
| Maura McGrath (Cathaoirleach)                   | 9        |          | 7        | 7        | 5         | €1,229        |
| James Cavanagh                                  | 8        |          |          | 7        | 10        | €0            |
| Rebecca Gageby                                  | 8        |          |          | 7        |           | €0            |
| Gerard Gillen (ar scor, 24 Meitheamh 2020)      | 5        |          |          |          | 4         | €0            |
| Hilary Hough (ceapaithe, 3 Nollaig 2020)        | 0        |          |          |          |           | €0            |
| Eleanor McEvoy (éirithe as, 1 Meitheamh 2020)   | 2        |          |          | 2        | 1         | €0            |
| Máire O'Connor                                  | 9        | 4        |          |          |           | €0            |
| Michelle O'Sullivan (ceapaithe, 3 Nollaig 2020) | 0        |          |          |          |           | €0            |
| John Reynolds                                   | 9        | 4        | 7        | 7        | 9         | €0            |
| Don Thornhill                                   | 9        | 4        |          |          |           | €16           |
| <b>Iomlán</b>                                   |          |          |          |          |           | <b>€1,245</b> |

Ní fuair aon bhall de bhord na stiúrthóirí tálle le linn na bliana.

### Sonraí a Bhaineann Leis an Gcód Cleachtais chun Rialachais Comhlachtaí Stáit (2016) a Chomhlíonadh

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh an CÁN leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí i mí Lúnasa na bliana 2016. Teastaíonn nochtadh áirithe de réir an Cód agus tá sé luaite i gcorp na tuarascála seo.

### Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

|                    | 2020         | 2019         |
|--------------------|--------------|--------------|
|                    | €            | €            |
| Fáilteachas Foirne | 1,442        | 1,905        |
| Fáilteachas Cliant | 316          | 1,461        |
| <b>Iomlán</b>      | <b>1,758</b> | <b>3,366</b> |

### Costais Comhairleorachta

Molann an Cód Treorach don Tuarascáil Bhliantúil agus do Ráitis Airgeadais (Samhain 2016) go sainiithneofaí costais chomhairleoireachta lena n-áirítear costais comhairle sheachtraigh don bhainistíocht agus nach n-áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe.


|                                  | 2020           | 2019           |
|----------------------------------|----------------|----------------|
|                                  | €              | €              |
| Comhairle Dí                     | 15,850         | 21,204         |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach | 4,202          | 2,166          |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht      | 40,700         | 63,600         |
| Acmhainní Daonna                 | 45,449         | 44,315         |
| Feabhsú Gnó                      | 0              | 1,580          |
| Comhairleoireacht RGCS           | 15,600         | 27,000         |
| Eile                             | 6,525          | 1,425          |
| <b>Iomlán</b>                    | <b>128,326</b> | <b>161,290</b> |

Rinneadh na costais chomhairliúcháin de €20,961 maidir le tionscadal tógála athfhorbartha an CÁT a chaipitliú.

### Ráiteas Comhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an CÁN go hiomlán an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

Sínithe ar aon an Bhoird



**Maura McGrath**  
Cathaoirleach an Bhoird



**Máire O'Connor**  
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

Dáta: 27 Bealtaine 2021

# AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

Thar ceann An Cheoláras Náisiúnta ('CÁN'), agus maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2020, admhaíonn an Bord a fhreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a chur i bhfeidhm. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 ('Cód') san áireamh agus ba mhaith linn a dhearbú go bhfuil an Cód á ghlacadh agus á comhlíonadh ag an gCÁN.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun an riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas á dhíchur. Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cóir agus go ndéantar botúin nó mírialtachtaí a chosc nó a aimsiú go tráthúil..

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis na treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag an gCÁT don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas chun an Riosca a Láimhseáil

Bhí Coiste Iniúchta agus Riosca ('CIR') ag an gCÁN ar a raibh ceathrar ball den Bhord. Tháinig an CIR le chéile ceithre huair sa bhliain 2020.

Sí gníomhaireacht seachfhoinsithe a dhéanann feidhm iniúchta inmheánaigh an CÁN. Tá an dóthain acmhainní ag an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus comhaontaítear a clár oibre leis an gCIR.

D'fhorbair an ARC beartas bainistíochta riosca don Bhord a leagann amach dúil an riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí ar ról agus ar fhreagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Eisíodh an beartas do gach ball foirne a bhfuil súil orthu go mbeidh siad ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca an CÁN, ionas go gcuirfidh siad an bhainistíocht ar an eolas faoi rioscaí agus laigí smachta atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus laigí smachta laistigh dá réimse oibre féin.

## Creá Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCÁN a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a oiread agus is féidir, á maolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí roimh an gCÁN agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhacht. Tá cathaoirleach an fhóirne bainistíochta riosca freagrach as an CIR a chur ar an eolas faoi aon eachtraí agus/nó athruithe ábhartha ar an gclár riosca ar bhonn ráithiúil. Déantar gach riosca ar an gclár a athbhreithniú dhá uair sa bhliain ar a laghad. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal sásúil.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus leagtar an dualgas as oibriú na rialuithe sin ar bhaill foirne ar leith. Deimhníonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- cláríonn na lámhleabhair um bheartais agus nósanna imeachta airgeadais na príomhphróisis,



- leagadh na freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe mar is cóir ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht sinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,,
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don bhainistíocht agus don Bhard, má gá, go tráthúil.
- Dearbhaímid go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm::
- aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe a bhaineann leo agus tá na próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh aitheanta,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar leagadh an fhreagracht as a mbainistíocht, agus,
- déanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht agus ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht i gcoinne an bhuiséid /na réamhaisnéisí.

### Soláthar

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCÁN chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha, agus gur chomhlíon an CÁN na nósanna imeachta sin i rith nab liana 2020. Fuair iniúchadh inmheánach amach, áfach, I gcás dhá thaifead ceannaigh a ndearnadh sampláil orthu, nach raibh uimhir an ordaithe ceannaigh (an 'uimhir PO') ar aghaidh an sonraisc, cé gur scríobhadh an uimhir PO a bhain leis an ordú nuair a sholáthraíodh é. Cuirfear i gcuimhne gach oifigigh soláthair go gcaithfear uimhir PO a lua i ngach cás..

### Obair Chianda

Cuirfidh an CÁN a bheartas cianoibre i gcrích. Ba cheart go n-aithneodh sé aon athruithe ar na próisis rialaithe a leanfaidh ar aghaidh nuair a bheidh deireadh leis na dálaí oibre cianda reatha agus chomh luath agus a atosófar socruithe na 'gnáth' oibre. Chomh maith le sin, déanfar aon bheartais agus nósanna imeachta ábhartha atá ann cheana a nuashonrú le haghaidh aon athruithe a choinneofar ar bhonn níos buaine nó níos fadtéarmaí.

### Athbhreithniú ar an Éifeachtacht

Deimhníonn an Bord go bhfuil na nósanna imeachta ag an gCÁN chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le riosca a bhainistíú agus a rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an CÁN ar éifeachtacht a córais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann an mhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus na bhainistíochta sinsearacha laistigh den CÁN atá freagrach as forbairt agus as cothabháil creat rialaithe inmheánach an airgeadais..

Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht bhainistíochta an riosca agus na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020 mar a luadh i miontuairiscí an Bhoird an 29 Eanáir 2021 agus dhearbhaigh sé go raibh siad sásúil.

### Cheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2020 nach mór a nochtadh sna ráitis.

### Covid-19


Rinneadh athruithe riachtanacha ar thimpeallacht na hoibríochta agus na rialaithe mar thoradh ar an bpaindéim.

I measc na ngníomhartha a rinne an CÁN ina leith, bhí:

- Athrú oibríochtaí gnó an CÁN go dtí timpeallacht cianoibre inar féidir le formhór na bpróiseas leanúint ar aghaidh mar is gnáth.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim COVID-19 agus ar éifeachtacht freagairt an CÁN ina leith.
- Deighilt láidir na ndualgas a chinntiú.
- A chinntiú go leanann na beartais agus na nósanna imeachta reatha uile maidir le cosaint sonraí agus bainistíocht taifead i bhfeidhm sa thimpeallacht cianoibre agus go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu mar is gnáth.
- A chinntiú go bhfaigheann na baill foirne rochtain ar líonra an CÁN agus úsáid á baint acu as an trealamh TFC atá faofa ag an CÁN; agus a chinntiú go gcuirfear an trealamh TFC is gá ar fáil do gach ball foirne atá ag obair go cianda.

Níor tháinig aon laigí maidir leis an rialú inmheánach chun solais mar thoradh ar na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm le linn na paindéime, ach leanadh le measúnú leanúnach ar an rialú inmheánach agus, má aimsítear aon laigí ar bith, cuirfear bearta ceartaitheacha i bhfeidhm nuair is gá.

Sínithe ar son an Bhoird




**Maura McGrath**  
Cathaoirleach an Bhoird



**Máire O'Connor**  
Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca

Dáta: 27 Bealtaine 2021



# TUARISC AN INIÚCHÓRA



## ARD REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE COMPTROLLER AND AUDITOR GENERAL TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID TITHE AN OIREACHTAIS

### An Ceoláras Náisiúnta

#### Tuairim ar ráitis an airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Ceoláras Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir mar is riachtanach faoi fhorálacha alt 26 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015. Cuimsíonn ráitis an airgeadais:

- An ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- An ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- An ráiteas ar an seasamh airgeadais
- An ráiteas ar sreabhadh airgid, agus
- Nótaí i leith na ráiteas, ina measc, achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuantasacha.

Sé mo thuairim ná go dtugann ráitis an airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ceoláras Náisiúnta ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a chuid ioncaim agus a chuid caiteachais don bhliain 2020 de réir Caighdeán Tuairiscithe an Airgeadais (FRS) 102 - Caighdeán Tuairiscithe an Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

#### Bunús an tuairim

Rinne mé mo chuid iniúchta ar ráitis an airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gCeoláras Náisiúnta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán. Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a fháil do mo thuairim.

#### Béim ar an ábhar - maoiniú an tsochair scoir iarchurtha

Tarraingim aird ar nóta 23 (b) de ráitis an airgeadais. Sí an tsócmhainn a aithníonn an Ceoláras Náisiúnta i leith maoiniú sochar scoir iarchurtha ná luach reatha an mhaoinithe a bhfuil súil aige a chuirfidh an Stát ar fáil sa todhchaí chun dliteanais sochair scoir a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Tuigtear mar thoradh ar an modh cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ceoláras Náisiúnta i bhfeidhm ar dtús ar chostais reatha agus go gcomhlíonfaidh maoiniú an Stáit aon easnamh acmhainní reatha nó sa todhchaí, lena n-áirítear dliteanais sochair scoir sa todhchaí. Níl aon athrú ar mo thuairim iniúchta maidir leis an gceist seo.

#### Tuairisc ar fhaisnéis seachas ráitis an airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Chuir an Ceoláras Náisiúnta faisnéis áirithe eile ar fáil mar aon le ráitis an airgeadais. Ina measc tá an tuarascáil bhliantúil, ráiteas an rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar an rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar an dualgas atá orm tuairisc a dhéanamh maidir lena leithéid d'fhaisnéis, agus maidir le ceisteanna eile ar leith a dtuairiscím orthu mar eisceacht. Níl tada le tuairisciú agam ina leith.

**Mary Henry**

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
11 Meitheamh 2021

# AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

## Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a luaitear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as:

- ráitis an airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 26 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015
- a chinntiú go dtugann ráitis an airgeadais léargas fíor agus cóir de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas an bhfuil úsáid a bhaint as cuntasáíocht ar bonn an ghnóthais sócmhainnigh iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun go bhféadfar ráitis an airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotúin.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

De réir alta 26 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015, tá orm ráitis airgeadais an Cheoláras Náisiúnta a iniúchadh agus tuairisc a dhéanamh orthu agus á gcur faoi bhráid Tithe an Oireachtais.

Sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a dhéanamh ar ráitis an airgeadais ina n-iomláine go bhfuil siad saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotúin. Is leibhéal ard na cinnteachta é an dearbhú réasúnach, ach ní gheallann sé go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna gach míráiteas ábhartha atá i láthair. Is féidir le míráitis a theacht mar thoradh ar chalaos nó ar bhotúin agus meastar gur ábhartha iad má tá súil ann gur féidir leo, ina n-aonar nó le chéile, dul i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim m'amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus a leithéid á dhéanamh agam,

- Aithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i ráitis an airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotúin; déanaim dearadh agus cuirim i bhfeidhm na nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an dóthain fianaise iniúchta cuí mar bhunús do mo chuid tuairim. Tá an baol nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná mar a bhíonn i gcás botúin, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist i gcás na calaoise.
- Faighim an tuisceant ar an rialú inmheánach a bhfuil baint aige leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach don chás, ach nach bhfuil mar aidhm aici tuairim a dhéanamh maidir le éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtaithe a mbaineann leo.
- Tagaim ar thuairim maidir le hoiriúnacht úsáid a bhaint as cuntasáíocht ar bonn an ghnóthais sócmhainnigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil an éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Cheoláras Náisiúnta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas sócmhainneach. Más é mo thuairim ná go bhfuil a leithéid d'éiginnteacht ann, tá orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaithe gaolmhara i ráitis an airgeadais nó, muna bhfuil an nochtaithe ann, mo thuairim a mhaolú. Tá mo chuid tuairimí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí a chur isteach ar chumas an Ceoláras Náisiúnta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas sócmhainneach.

- Measaim an cur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar ráitis an airgeadais, lena n-áirítear na nochtaithe, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha léirithe i ráitis an airgeadais ar bhealach cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus dáta an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a thagann chun solais le linn mo iniúchta.

### **Faisnéis seachas ráitis an airgeadais**

Níl baint ag mo thuairim ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus níl aon tuairim ghealltanais á cur ar fáil agam ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar ráitis an airgeadais, tá orm de réir na ISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, á dhéanamh sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile seo ar neamhréir ábhartha le ráitis an airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más a mhalairt, gur cosúil go bhfuil míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtiocfainn ar thuairim go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, tá orm tuairisc a dhéanamh ar a leithéid.

### **Tuairisc ar cheisteanna eile**

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Má thagann ábhair ábhartha a mbaineann le bealach an ghnó poiblí chun solais, déanaim tuairisc ina leith.

Déanaim iarracht le linn an iniúchta an fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbhearta airgeadais. Déanaim tuairisc ina leith má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó i gcás nár chloígh idirbhearta le beartais na húdaráis a rialaíonn iad.

### **Tuairiscím freisin trí eisceacht más rud é, dar liom,**

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniú a theastaigh uaim le haghaidh mo iniúchta, nó
- nár leor iad na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí ráitis an airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nár aontaigh ráitis an airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.




## Ráiteas Ar Ioncam Agus Caiteachas Don Bhliain Dár Críoch 31 Nollaig 2020

|  | Notes | 2020<br>€          | 2019<br>€          |
|--|-------|--------------------|--------------------|
| <b>IONCAM</b>  |       |                    |                    |
| Deontais an Stáitchiste                                      | 5     | 3,633,697          | 2,788,000          |
| Ioncam ó Bholscaireacht Féin                                 |       | 460,738            | 2,464,111          |
| Amúchadh an Deontais Chaipitil                               | 16    | 359,158            | 343,638            |
| Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean                       | 23a   | 664,971            | 659,535            |
| Ioncam Eile  | 6     | 1,003,729          | 3,288,804          |
| <b>Ioncam Iomlán</b>   |       | <b>6,122,293</b>   | <b>9,544,088</b>   |
| <b>CAITEACHAS</b>  |       |                    |                    |
| Costais Foirne   | 7     | (2,659,785)        | (3,140,238)        |
| Costais Pinsin   | 23a   | (737,000)          | (733,000)          |
| Costais Bolscaireachta                                       | 8     | (1,501,396)        | (4,123,928)        |
| Costais Bunaíochta   | 9     | (589,441)          | (849,132)          |
| Costais Riaracháin   | 10    | (264,951)          | (391,479)          |
| Dímheas  | 12    | (363,103)          | (347,583)          |
| <b>Caiteachas Iomlán</b>                                     |       | <b>(6,115,676)</b> | <b>(9,585,360)</b> |
| <b>BARRACHAS/(EASNAMH) ROIMH LEITHREASAÍ</b>                 |       | 6,617              | (41,272)           |
| Brabús/(Caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta         |       | (5,520)            | 0                  |
| <b>BARRACHAS/(EASNAMH) DON BHLIAIN I nDIAIDH LEITHREASAÍ</b> | 11    | 1,097              | (41,272)           |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an tuarascála

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí a ngabhann leo agus na ráitis sreabhadh airgid

Faomhadh na ráitis airgeadais ag an mbord ar 27 bealtaine 2021 agus síníodh ar a shon iad ag:-



**Maura McGrath**  
Cathaoirleach



**Máire O'Connor**  
Ball an Bhoird

Dáta: 27 Bealtaine 2021

**Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020**

|   | Notes      | 2020         | 2019            |
|---|------------|--------------|-----------------|
|   |            | €            | €               |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse tar éis leithreasáí                                    |            | 1,097        | (41,272)        |
| Méadú/(laghdú) ón taithí ar oibleagáidí na sochair scoir                                | <b>23c</b> | 209,000      | (184,000)       |
| Athrú ar na boinn tuisceana atá mar bhunús le luach reatha oibleagáidí na sochair scoir |            | (1,217,000)  | (1,209,000)     |
| Coigeartú ar shócmhainn mhaoinithe iarchurtha na bpinsean                               | <b>23b</b> | 1,008,000    | 1,393,000       |
| Barrachas/(Easnamh) Cuimsitheach lomlán don tréimhse                                    |            | <u>1,097</u> | <u>(41,272)</u> |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an tuarascála

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí a ngabhann leo agus na ráitis sreabhadh airgid

Faomhadh na ráitis airgeadais ag an mbord ar 27 bealtaine 2021 agus síníodh ar a shon iad ag:-



**Maura McGrath**  
Cathaoirleach



**Máire O'Connor**  
Ball an Bhoird


Dáta: 27 Bealtaine 2021

## Ráiteas ar an Seasamh Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

|  | Notes | 2020<br>€          | 2020<br>€        | 2019<br>€          | 2019<br>€        |
|--|-------|--------------------|------------------|--------------------|------------------|
| <b>Sócmhainní Seasta</b>   |       |                    |                  |                    |                  |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh                                     | 12    |                    | 829,198          |                    | 768,314          |
| <b>Sócmhainní Reatha</b>   |       |                    |                  |                    |                  |
| Infhála agus Réamhíocaíochtaí                                    | 13    | 323,846            |                  | 526,401            |                  |
| Coibhéisí Airgid Thirim agus Airgead Tirim                       |       | 3,456,067          |                  | 4,813,797          |                  |
|  |       | <u>3,779,913</u>   |                  | <u>5,340,198</u>   |                  |
| <b>Iníocthaigh: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain</b> |       |                    |                  |                    |                  |
|  | 14    | <u>(2,835,847)</u> |                  | <u>(4,336,345)</u> |                  |
| <b>Glansócmhainní Reatha</b>                                     |       |                    |                  |                    |                  |
|  |       |                    | <u>944,066</u>   |                    | <u>1,003,853</u> |
| <b>Iomlán na Sócmhainní Iúide Dlíteanais Reatha</b>              |       |                    |                  |                    |                  |
|  |       |                    | <u>1,773,264</u> |                    | <u>1,722,167</u> |
| <b>Sochair Scoir</b>   |       |                    |                  |                    |                  |
| Oibleagáidí Sochair Scoir  | 23c   | (14,757,191)       |                  | (13,052,613)       |                  |
| Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha na Sochar Scoir                  | 23b   | <u>14,757,191</u>  |                  | <u>13,052,613</u>  |                  |
|  |       |                    | -                |                    | -                |
| <b>Iomlán na Sócmhainní Glana</b>                                |       |                    |                  |                    |                  |
|  |       |                    | <u>1,773,264</u> |                    | <u>1,772,167</u> |
| <b>Cúlchistí</b>   |       |                    |                  |                    |                  |
| Cúlchistí I&C ar Oscailt   |       |                    | 1,474,058        |                    | 1,515,330        |
| Barrachas/(Easnamh) don Tréimhse                                 |       |                    | 1,097            |                    | (41,272)         |
| Cúlchistí Eile   | 15    |                    | <u>298,109</u>   |                    | <u>298,109</u>   |
| <b>Iomlán na gCúlchistí</b>                                      |       |                    |                  |                    |                  |
|  |       |                    | <u>1,773,264</u> |                    | <u>1,772,167</u> |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí a ngabhann leo agus na ráitis sreabhadh airgid

Faomhadh na ráitis airgeadais ag an mbord ar 27 bealtaine 2021 agus síníodh ar a shon iad ag:-



**Maura McGrath**  
Cathaoirleach



**Maire O'Connor**  
Ball an Bhoird

Dáta: 27 Bealtaine 2021

**Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais  
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020**

|   | Nótaí | 2020               | 2019             |
|---|-------|--------------------|------------------|
|   |       | €                  | €                |
| <b>Sreabhadh Airgead ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin agus Aistriúcháin Maidir le Bunú</b> |       |                    |                  |
| Barrachas Oibriúcháin / (Easnamh)   |       | 1,097              | (41,272)         |
| Ús a Fuarthas   |       | (605)              | (23,894)         |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe                                |       | 5,520              | -                |
| Dímheas   |       | 363,103            | 347,583          |
| Amúchadh na nDeontas Caipitil   |       | (359,158)          | (343,638)        |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais  |       | 202,555            | (121,114)        |
| (Laghdú)/Méadú ar Iníoctha  |       | (1,565,327)        | (204,433)        |
|   |       | <u>(1,352,815)</u> | <u>(386,768)</u> |
| <b>Sreabhadh Airgead ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>                               |       |                    |                  |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil                                 |       | 423,987            | 290,646          |
| Deontais Chaipitil a Fuarthas   |       | (423,987)          | (290,646)        |
| (Caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe                                     |       | (5,520)            | -                |
| Ús a Fuarthas   |       | 605                | 23,894           |
|   |       | <u>(4,915)</u>     | <u>23,894</u>    |
| <b>(Laghdú) / Méadú Airgid agus Comhluachanna Airgid sa Tréimhse</b>                    |       |                    |                  |
| <b>Airgead agus Comhluachanna Airgid as ag an 1 Eanáir 2020</b>                         |       | 4,813,797          | 5,176,671        |
| <b>Airgead agus Comhluachanna Airgid ag 31 Nollaig 2020</b>                             |       | <u>3,456,067</u>   | <u>4,813,797</u> |

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## 1. BEARTAS CUNTASAÍOCHTA

Siad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac an CÁT agus a cuireadh i bhfeidhm go seasmhach i rith na bliana: -

### 1.1. Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an NCH don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

### 1.2. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais sócmhainnigh faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaíonn an Bord, le comhchead an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus le comhchead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is eintiteas sochair phoiblí é an CÁT agus tá stádas cánach carthanachta aige.

### 1.3. Airgeadra

#### i. *Airgeadra Feidhmiúil agus á Chur i Láthair*

Déantar míreanna atá luaite sna ráitis airgeadais a thomhas ag úsáid airgeadra na príomh-thimpeallachta eacnamaíche ina bhfeidhmíonn an CÁT ("an t-airgeadra feidhmiúil"). Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, arb é an airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair an chomhlachta é agus lena sheasann an siombail "€".

#### ii. *Idirbhearta agus Iarmhéideanna*

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart. Ag deireadh gach tréimhse, aistrítear na míreanna airgeadaíochta a bhfuil luaite in airgeadra eachtrach trí úsáid a bhaint as an ráta deiridh.

### 1.4. Ioncam

Aithnítear ioncam sa mhéid go bhfaigheann an CÁT an ceart chun breithniú air mar mhalairt ar a fheidhmíocht agus nach bhfuil cáin bhreisluacha san áireamh ann.

Aithnítear ioncam ó sholáthar seirbhísí sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na seirbhísí a sholáthar agus gur féidir toradh an chonartha a mheas go hiontaoifa.

### 1.5. Deontais an Stáitchiste

Aithnítear ioncam ó dheontais an Stáitchiste ioncaim sa Ráiteas Ioncaim & Caiteachais i gcás ina bhfuil dearbhú réasúnach go bhfaighfear an deontas agus gur chomhlíon an CÁT na coinníollacha uile a ghabhann leis.

Tá an deontas comhdhéanta as i) míreanna reatha agus ii) caipitil. Tá mionsonraithe an deontais reatha luaite sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus luaitear an deontas caipitil ag nóta 16. Cuirtear deontais chaipitil i bhfeidhm chun sócmhainní seasta a fháil. Amúchtar deontais chaipitíúla leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar an tréimhse chéanna ina ndéantar na sócmhainní bunúsacha a dhímheas.

### 1.6. Maoin, Gléasra, Trealamh agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha.



Ríomhtar an costas dímheasa chun luach leabhair gach Sócmhainne Seasta a dhíscríobh le linn a ghnáthré measta ar bhonn líne dhíreach ag na rátaí seo a leanas: -

|   |                      |
|---|----------------------|
| Athrúcháin ar Áitribh Léasaithe                             | 10 go dtí 50 mbliain |
| Píborgán  | 25 bhliain           |
| Pianoforte Steinway agus Ionstraimí Ceoil Eile              | 5 bhliain            |
| Córas Sonraí Ríomhaireachta                                 | 5 bhliain            |
| Trealamh Oifige, Trealamh Lónadóireachta agus Trealamh Eile | 5 bhliain            |
| Aimplitheoirí agus Córas Callairí                           | 5 bhliain            |
| Córas Teileafóin  | 5 bhliain            |
| Consól Meascacháin  | 5 bhliain            |
| Pictiúir  | 5 bhliain            |

### Lagú

Déantar athbhreithniú a dhéanamh ar shócmhainní le haghaidh lagaithe aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an luach a ghabhann leo inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn an méid a ghabhann leis an acmhainn a méid inghnóthaithe..

Sé an méid inghnóthaithe ná an ceann is airde de luach cóir na hacmhainne lúide costais lena díol agus an luach in úsáid aici. Mhínítear an luach in úsáid mar luach reatha na sreafaí airgid amach anseo is féidir a fháil mar thoradh ar úsáid leanúnach na hacmhainne. Má mheastar go bhfuil méid inghnóthaithe na hacmhainne níos ísle ná an méid a ghabhann léi, laghdaítear an méid a ghabhann léi go dtí a méid inghnóthaithe.

Má aisiompaíonn caillteanas lagaithe ina dhiaidh sin, méadaítear an luach a ghabhann leis an acmhainn go dtí an meastachán athbhreithnithe ar a méid inghnóthaithe ach sa mhéid nach sáraíonn an méid athbhreithnithe a ghabhann léi an méid a ghabhann léi a chinnfí (glan ó dhímheas) muna n-aithníodh caillteanas lagaithe i dtréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

### 1.7. Infháltais

Séard atá infháltais ann ná féichiúnaithe trádála agus aicmí eile féichiúnaithe. Aithnítear foráil maidir le neamh-aisghabháil nithe infhaighte nuair a bhíonn fianaise neamhchlaonta ann nach mbeidh an CÁT in ann na méideanna go léir atá dlite a bhailiú. Sé méid na forála ná an difríocht idir méid a ghabhann leis na sócmhainní agus an luach inghnóthaithe measta.

### 1.8. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Cuimsithe faoin dteideal airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim tá airgead tirim ar láimh, taiscí éillimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha eile a bhfuil aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú acu. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh de na hiasachtaí i ndlíteanais reatha ar an Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

### 1.9. Iníochthaigh

Cuimsíonn iníochthaigh na creidiúnaithe trádála agus na creidiúnaithe eile agus déantar iad a aicmiú mar dhlíteanais reatha má tá íocaíocht dlite laistigh de bhliain nó níos lú. Muna féidir sin, aicmítear iad mar dhlíteanais neamhreatha.

### 1.10. Forálacha

Aithnítear forálacha nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an gCÁT mar thoradh ar imeachtaí san am atá thart; nuair is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

Ríomhtar forálacha ag luach reatha an chaiteachais a mheastar a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach.

### 1.11. Teagmhais

Aithnítear dliteanais theagmhasacha, a thagann chun cinn mar thoradh ar imeachtaí san am atá thart, nuair a) is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó go bhféadfaí an méid a thomhas go hiontaoifa ar an dáta tuairiscithe nó b) nuair a dheimhneofar go dtarlóidh nó nach dtarlóidh eachtraí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil smacht ag an eagraíocht orthu. Luaitear dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go dtarlóidh acmhainní a n-eis-sreabhadh..

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is dócha go dtiocfaidh leas eacnamaíoch astu.

### 1.12. Sochar Foirne

Cuireann an CÁT raon sochar ar fáil do chuid fostaithe. Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile dá samhail, mar chostas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís. Beidh caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna le híoc as acmhainní an CÁT de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Cuirfear an caiteachas seo san áireamh agus an deontas bliantúil á ríomh. Féach Nóta 23 le haghaidh tuilleadh faisnéise..

Roimhe seo bhunaigh an Ceoláras Náisiúnta a scéim pinsin féin ar bhonn sochair shainithe , a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a chuirtear ar fáil tríd an deontas bliantúil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Oibríonn an CÁT an Scéim Aonair Pinsin um Sheirbhísí Poiblí (“Scéim Aonair”) chomh maith, scéim ar bhonn sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí incháilithe a gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

### 1.13. Cúlchiste na hAthfhorbartha Caipitil

Chinn an CÁT ar cúlchiste athfhorbartha caipitil a bhunú a bhfuil sé mar aidhm aige costais athfhorbartha an Halla a mhaoiniú sa todhchaí. Tá gach cinneadh maidir le húsáid an chúlchiste seo faoi réir cheadú an Bhoird. Féach Nóta 17 le do thoil.

## 2. Breitheanna agus Meastacháin Cuntasaíochta Criticiúla

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais seo ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus barúlacha a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar fheidhmiú na mbeartas agus ar mhéideanna tuairiscithe maidir leis na sócmhainní agus na dliteanais agus maidir leis an ioncam agus an gcaiteachas. Déantar na breithiúnais agus na meastacháin a mheas go leanúnach agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile, ina measc ionchais na n-imeachtaí sa todhchaí a gcreidtear a bheith réasúnach faoi mar a sheasfaidh cúrsaí.

Déanann an CÁT meastacháin agus barúlacha maidir leis an todhchaí. B'fhéidir nach ionann iad na meastacháin chuntasaíochta agus an toradh a thiteann amach. Pléitear thíos na meastacháin agus na barúlacha a bhfuil riosca suntasach acu coigeartú ábhartha a dhéanamh ar na méideanna a ghabhann le sócmhainní agus dliteanas laistigh den bhliain airgeadais atá le teacht.

a) Ag bunú an tsaoil eacnamaíocha úsáideacha maidir le sócmhainní seasta a dhímheas ls cuid ábhartha de na sócmhainní iomlána iad na sócmhainní seasta. Braitheann an chostas dímheasa bliantúil den chuid is mó ar shaol eacnamaíoch úsáideach measta a bhaineann le gach cineál sócmhainne agus ar na meastacháin maidir le luachanna iarmharacha. Is féidir le hathruithe ar shaolréanna úsáideacha sócmhainní tionchar suntasach a imirt ar chostais an dímheasa agus an amúchta don tréimhse. Tá sonraí faoi na saolré úsáideacha eacnamaíocha a measadh le fáil sna beartais chuntasaíochta.

## 3. Aistriú an Chomhlachta

Bunaíodh an Ceoláras Náisiúnta mar chomhlacht reachtúil ar an 1 Feabhra 2016. Ar an dáta sin aistríodh gníomhaíochtaí an réamhchomhlachta (An Ceoláras Náisiúnta, The National Concert Hall Company Limited) go dtí An Ceoláras Náisiúnta the National Concert Hall agus b'ionann agus €1,570,230 iad.

#### 4. Ionstraimí Airgeadais

|   | 2020      | 2019      |
|---|-----------|-----------|
|   | €         | €         |
| <i>Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad arna dtomhas ar a gcostas</i> |           |           |
| Féichiúnaithe trádála   | 120,062   | 136,528   |
| Féichiúnaithe eile  | 116,010   | 389,873   |
| Airgead Tirim ag Coibhéisí Airgid Thirim  | 3,456,067 | 4,813,797 |
| <i>Dlíteanais airgeadais arna dtomhas ar a gcostas</i>                            |           |           |
| Creidiúnaithe trádála   | 88,854    | 354,138   |
| Deontais chaipitil iarchurtha   | 756,126   | 691,297   |
| Rótharraingt bhainc   | -         | -         |
| Réamháirithintí agus taiscí   | 371,047   | 1,523,200 |

#### 5. Deontais an Stáitchiste

B'ionann agus €3,633,697 (2019 - €2,788,000) iad deontais an Stáitchiste a fuarthas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán don tréimhse chuntasaíochta dar críoch 31 Nollaig 2020. Ina theannta sin, ba é luach na ndeontas caipitil a fuarthas ná €469,434 (2019 - 260,000). Cuimsíonn na figiúirí maidir le deontais stáitchiste na bliana 2020 deontais fhorlíontacha dar luach €831,697 (reatha) agus €209,434 (caipiteal) a mbaineann le COVID-19.

#### 6. Ioncam Eile

|   | 2020             | 2019             |
|---|------------------|------------------|
|   | €                | €                |
| Fruiliú Áiseanna an Cheolárais                            | 281,280          | 1,022,897        |
| Cíos RTÉ  | 225,514          | 566,845          |
| Coimisiúin  | 120,561          | 576,672          |
| Urraíocht an Chláir Oideachais agus Fáltais lena baineann | 177,704          | 479,629          |
| Síntiúis Cairde/Corparáidí/Daonchairdiúla                 | 73,363           | 290,512          |
| Cíos Lónadóireachta                                       | 66,292           | 192,295          |
| Ioncam iolrach  | 59,015           | 159,954          |
|   | <b>1,003,729</b> | <b>3,288,804</b> |

#### 7. Costais Foirne

Líon na bhFostaithe. Ba é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana ná:

|                    | 2020             | 2019             |
|--------------------|------------------|------------------|
|                    | Number           | Number           |
| Concert Support    | 38               | 88               |
| Administration     | 25               | 25               |
|                    | <b>63</b>        | <b>113</b>       |
| Employment costs   | €                | €                |
| Wages and salaries | 2,401,815        | 2,849,715        |
| PRSI(ER)           | 257,970          | 290,523          |
|                    | <b>2,659,785</b> | <b>3,140,238</b> |

Níor íocadh ragobair leis an mbainistíocht. Ní íoctar liúntais leis an mbainistíocht ná le baill foirne eile. Cuireann baill an bhoird a gcuid seirbhísí ar fáil ar bhonn saor in aisce. Mar phríomhchainteoir

na bainistíochta agus mar an seoladán chun treoracha an Bhoird a chur i gcrích, tá na sonraíthe a mbaineann le pacáiste íocaíochtaí an POF mion ar fáil i Nóta 20. Tá sonraíthe na raonta tuarastail do ghráid an POF agus do na grádanna bainistíochta araon ar fáil i Nóta 21. Ní dhearnadh aon socrú maidir le híocaíochtaí foirceanta seachas na gnáthchnapshuimeanna le hóc mar chuid den scéim aoisliúntais. Siad an Príomhphearsanra Bainistíochta ná an Bord agus an POF. Ní íoctar aon tuarastail le baill an Bhoird agus tá sonraí luach saothair an POF ar fáil i Nóta 20. Ba é líon coibhéiseach lánaimseartha na foirne ná 52 agus 64 do na blianta dar críoch 31 Nollaig 2020 agus dar críoch 31 Nollaig 2019 faoi seach.

## 8. Costais Bolscaireachta

|  | 2020             | 2019             |
|--|------------------|------------------|
|  | €                | €                |
| An Clár Foghlama agus Rannpháirtíochta                       | 167,009          | 365,466          |
| Costais a bhain leis an gClár Foghlama agus Rannpháirtíochta | 41,783           | 215,933          |
| Bolscaireacht agus Fógraíocht                                | 162,612          | 376,974          |
| Costas Bolscaireachta Féin                                   | 1,120,768        | 3,128,128        |
| Táillí Cártaí Bainc agus Cártaí Creidmheasa                  | 9,224            | 37,427           |
|  | <b>1,501,396</b> | <b>4,123,928</b> |

## 9. Costais Foirgnimh

|                                | 2020           | 2019           |
|--------------------------------|----------------|----------------|
|                                | €              | €              |
| Glanadh agus Sláinteachas      | 103,863        | 156,127        |
| Solas agus Teas                | 124,218        | 202,438        |
| Árachas                        | 56,501         | 24,367         |
| Cíos agus Rátaí                | 3,727          | 11,382         |
| Slándáil                       | 16,841         | 51,522         |
| Tiúnadh Pianó                  | 4,455          | 34,722         |
| Costais iolracha               | 26,541         | 95,523         |
| Deisiúcháin agus Athnuachaintí | 253,295        | 273,051        |
|                                | <b>589,441</b> | <b>849,132</b> |

## 10. Costais Riaracháin

|   | 2020           | 2019           |
|---|----------------|----------------|
|   | €              | €              |
| Priontáil agus Stáiseanóireacht                 | 1,874          | 33,678         |
| Táillí Gairmiúla                                | 117,205        | 149,112        |
| Postas  | 12,881         | 70,866         |
| Teileafón                                       | 49,520         | 40,862         |
| Costais an Chathaoirligh/na Stiúrthóirí         | 1,245          | 2,576          |
| Costais Oibríocháin an Bhoird agus na gCoistí   | 1,594          | 5,366          |
| Costais earcaíochta foirne agus gníomhaireachta | 56,632         | 66,519         |
| Socrú AD  | 24,000         | 22,500         |
|   | <b>264,951</b> | <b>391,479</b> |

**11. Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin**

|   | <b>2020</b> | <b>2019</b> |
|---|-------------|-------------|
|   | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| Luaitear an Barrachas/ (Easnamh) Oibriúcháin tar éis baineadh:    |             |             |
| Táillí Iniúchta   | 22,500      | 18,500      |
| Dímheas sócmhainní inláimhsithe - faoi úinéireacht                | 363,103     | 347,583     |
| agus tar éis creidiúnú:   |             |             |
| Brabús/(Cailiteanas) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | (5,520)     | -           |
| Deontais an Stáitchiste   | 3,633,697   | 2,788,000   |

**12. Maoine, Gléasra Agus Trealamh**

|   | <b>Opening<br/>Balance</b> | <b>Additions</b> | <b>Disposals</b> | <b>Closing<br/>Balance</b> |
|---|----------------------------|------------------|------------------|----------------------------|
| <b>COSTAS</b>   | €                          | €                | €                | €                          |
| Aimplitheoirí agus Córas Ceallairí                          | 945,213                    | 73,677           | -                | 1,018,890                  |
| Athrúcháin ar Áitribh Léasaithe                             | 441,079                    | 40,554           | -                | 481,633                    |
| Píborgán  | 735,460                    | -                | -                | 735,460                    |
| Córas Sonraí Ríomhaireachta                                 | 2,085,031                  | 75,392           | 17,165           | 2,143,258                  |
| Trealamh Oifige, Trealamh Lónadóireachta agus Trealamh Eile | 2,746,355                  | 165,977          | -                | 2,912,332                  |
| Pianoforte Steinway agus Ionstraimí Ceoil Eile              | 595,205                    | -                | -                | 595,205                    |
| Córas Teileafóin  | 155,001                    | 7,200            | -                | 162,201                    |
| Consól Meascacháin  | 333,631                    | 61,187           | -                | 394,818                    |
| Pictiúir  | 40,775                     | -                | -                | 40,775                     |
|   | <b>8,077,750</b>           | <b>423,987</b>   | <b>17,165</b>    | <b>8,484,572</b>           |
|   | <b>Opening<br/>Balance</b> | <b>Charge</b>    | <b>Disposals</b> | <b>Closing<br/>Balance</b> |
| <b>DÍMHEAS</b>  | €                          | €                | €                | €                          |
| Aimplitheoirí agus Córas Ceallairí                          | 881,203                    | 39,897           | -                | 921,100                    |
| Athrúcháin ar Áitribh Léasaithe                             | 313,346                    | 15,295           | -                | 328,641                    |
| Píborgán  | 730,291                    | 4,771            | -                | 735,062                    |
| Córas Sonraí Ríomhaireachta                                 | 1,850,107                  | 109,534          | 17,165           | 1,942,476                  |
| Trealamh Oifige, Trealamh Lónadóireachta agus Trealamh Eile | 2,609,123                  | 101,444          | -                | 2,710,567                  |
| Pianoforte Steinway agus Ionstraimí Ceoil Eile              | 561,186                    | 27,407           | -                | 588,593                    |
| Córas Teileafóin  | 152,651                    | 3,594            | -                | 156,245                    |
| Consól Meascacháin  | 203,374                    | 53,006           | -                | 256,380                    |
| Pictiúir  | 8,155                      | 8,155            | -                | 16,310                     |
|   | <b>7,309,436</b>           | <b>363,103</b>   | <b>17,165</b>    | <b>7,655,374</b>           |
|   | 31.12.19                   |                  |                  | 31.12.20                   |
| Glanluach Leabhar   | 768,314                    |                  |                  | 829,198                    |



Níl aon léas foirmiúil ann do na foirgnimh ina bhfuil an Ceoláras Náisiúnta suite. Baineann an Ceoláras Náisiúnta úsáid as na foirgnimh ó Oifig na nOibreacha Poiblí ar chomaoin ainmniúil ar luach €100 sa bhliain.

### 13. Infháiltais agus Réamhíocaíochtaí

|                       | 2020           | 2019           |
|-----------------------|----------------|----------------|
|                       | €              | €              |
| Féichiúnaithe trádála | 120,062        | 136,528        |
| CBL Infhála           | 87,774         | 0              |
| Réamhíocaíochtaí      | 116,010        | 389,873        |
|                       | <b>323,846</b> | <b>526,401</b> |

### 14. Infháiltais: Méideanna le Híoc Laistigh de Bhliain Amháin

|  | 2020             | 2019             |
|--|------------------|------------------|
|  | €                | €                |
| Creidiúnaithe trádála  | 88,854           | 354,137          |
| ÍMAT/ÁSPC/MSU  | 80,101           | 105,121          |
| CBL  | 0                | 31,932           |
| Scéim Aoisliúntais Céilí & Leanaí  | 240,888          | 229,652          |
| Scéim AVC  | 160,297          | 159,790          |
| Fabhruithe   | 657,801          | 766,693          |
| Ioncam larchurtha  | 480,733          | 474,523          |
| Deontais Chaipitil larchurtha (tá na sonraí na n-athruithe a mbaineann leo thar an tréimhse luaite i Nóta 16 ) | 756,126          | 691,297          |
| Réamhairithintí agus Taiscí  | 371,047          | 1,523,200        |
|  | <b>2,835,847</b> | <b>4,336,345</b> |

### 15. Cúlchistí Eile

|  | 2020           | 2019           |
|--|----------------|----------------|
|  | €              | €              |
| Cúlchiste Oideachais agus Teagmhála (tá na sonraí na n-athruithe a mbaineann leis thar an tréimhse luaite i Nóta 18) | 31,014         | 31,014         |
| Cúlchiste Athfhorbartha Caipitil (tá na sonraí na n-athruithe a mbaineann leo thar an tréimhse luaite i Nóta 17)     | 267,095        | 267,095        |
|  | <b>298,109</b> | <b>298,109</b> |

Ar an 8 Márta 2007, rinne Anne Sophie Mutter ceolchoirm ar bronnadh a fáiltais ar an gCeoláras Náisiúnta lena n-úsáid go heisiach dá Clár Oideachais agus Teagmhála.

**16. Athruithe Maidir le Deontais Caipitiúil Iarchurtha**

|  | <b>2020</b>    | <b>2019</b>    |
|--|----------------|----------------|
|  | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| Iarmhéid Oscailte ar an 1 Eanáir 2020  | 691,297        | 744,289        |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha a scaoileadh go dtí an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | (359,158)      | (343,638)      |
| Athruithe Eile   | 163,987        | 30,646         |
| Deontais Chaipitil a Fuarthas  | 260,000        | 260,000        |
| Iarmhéid Deiridh ar an 31 Nollaig 2020   | <b>756,126</b> | <b>691,297</b> |

**17. Cúlchiste Athfhorbairt Caipitil**

|  | <b>2020</b>    | <b>2019</b>    |
|--|----------------|----------------|
|  | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| Iarmhéid Oscailte ar an 1 Eanáir 2020  | 267,095        | 267,095        |
| Deontais a Fuarthas                    | -              | -              |
| Caiteachas a Tabhadh                   | -              | -              |
| Iarmhéid Deiridh ar an 31 Nollaig 2020 | <b>267,095</b> | <b>267,095</b> |

**18. Réiteach na n-Athruithe i gCúlchistí Eile**

|  | <b>Oideachas &amp; Teagmhála</b> | <b>Total</b>  |
|--|----------------------------------|---------------|
|  | <b>€</b>                         | <b>€</b>      |
| Iarmhéid Oscailte ar an 1 Eanáir 2020  | 31,014                           | 31,014        |
| Cúlchiste a Scaoileadh                 | -                                | -             |
| Deontais Chaipitil a Fuarthas          | -                                | -             |
| Iarmhéid Deiridh ar an 31 Nollaig 2020 | <b>31,014</b>                    | <b>31,014</b> |

**19. Díolaíochtaí an Chathaoirligh Don Bhliain 2020**

|                               | <b>2020</b> | <b>2019</b> |
|-------------------------------|-------------|-------------|
|                               | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| Díolaíochtaí an Chathaoirligh | -           | -           |

**20. Tuarastal an Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin**

|   | <b>2020</b> | <b>2019</b> |
|---|-------------|-------------|
|   | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| Tuarastal an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 118,493     | 114,211     |

Cuimsíonn tuarastal an POF thuas ranníocaíocht 11% den olltuarastal ag an gCeoláras Náisiúnta lena scéim aoisliúntais phríobháideach. Ní bhfuair an POF aon díolachtaí breise, nó sochair nó íocaíochtaí feidhmiú-choibhneasa nó a leithéid.

## 21. Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

|                         | 2020      | 2019      |
|-------------------------|-----------|-----------|
| <b>Aicme Tuarastail</b> |           |           |
| €60,000 to €69,999      | 3         | 3         |
| €70,000 to €79,999      | 3         | 3         |
| €80,000 to €89,999      | 4         | 3         |
| €90,000 to €99,999      | -         | -         |
| €100,000 to €109,999    | -         | -         |
| €110,000 to €119,999    | 1         | 1         |
| €120,000 to €129,999    | -         | -         |
| <b>Iomlán</b>           | <b>11</b> | <b>10</b> |

Tá tuarastal an POF (féach Nóta 20) cuimsithe sa liosta thuas chomh maith le tuarastal baill na hardbhainistíochta.

Nóta: i gcás an nochtaithe seo, cuimsíonn sochair ghearrthéarmacha fostaí maidir le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach gan ÁSPC an fhostóra a áireamh.

## 22. Taisteal agus Cothú

Raghnaítear Caiteachas Talstil agus Cothaithe mar seo a leanas: -

|                      | 2020         | 2019          |
|----------------------|--------------|---------------|
|                      | €            | €             |
| <b>Intíre</b>        |              |               |
| Bord                 | 955          | 1,955         |
| Fostaithe            | 51           | 5,328         |
| <b>Idirnáisiúnta</b> |              |               |
| Bord                 | 957          | 1,159         |
| Fostaithe            | 276          | 8,310         |
| <b>Iomlán</b>        | <b>2,239</b> | <b>16,752</b> |

## 23. Costais Sochair Scoir

a. Sé an costas a bhaineann le seirbhísiú sochar scoir don tréimhse ná €737,000 (2019: €733,000). Tá sé seo comhdhéanta de na costais seirbhíse reatha ar luach €588,000 a leagtar amach i gcuid (c) thíos mar aon leis an ús ar dhliteanais scéime sochair scoir ar luach €149,000. Cuimsíonn an glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin an maoiniú inghnóthaithe i leith phinsin na bliana reatha ar luach €737,000 lúide an deontas stáit chun pinsin ar luach €76,997 a íoc. Rinneadh figiúirí comparáideacha áirithe don tréimhse a athaicmiú agus a chur i láthair arís ar an mbonn céanna leis na figiúirí don bhliain reatha.

b. Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha maidir le Sochair Scoir  
Aithníonn an Ceoláras Náisiúnta na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas

iarchurtha neamhchistithe i leith sochar scoir ar bhonn roinnt imeachtaí. I measc na n-imeachtaí seo tá an bunús reachtúil maidir le bunú an Cheolárais Náisiúnta ar an 1 Feabhra 2016; na dliteanais phinsin a a n-aistríodh ón iar-Chuideachta an CÁT go dtí an CÁT mar chomhlacht reachtúil; comhfhreagras ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán go dtuigtear go bhfuil dearbhuithe réasúnacha ann go maoineoidh an Stát costais dliteanais phinsin CÁT sa todhchaí; agus an beartas agus na cleachtais atá i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí faoi láthair maidir le costais phinsin comhlachtaí poiblí sa todhchaí a thaifeadadh agus a mhaoiniú.

### c. Athruithe maidir le Oibleagáidí Sochair Sainithe

|  | 2020                | 2019                |
|--|---------------------|---------------------|
|  | €                   | €                   |
| Glan-Oibleagáid Sochair Scoir amhail an 1 Eanáir 2019          | (13,052,613)        | (10,988,032)        |
| Costas Seirbhíse Iomláin an Fhostaí                            | (588,000)           | (525,000)           |
| Glanús ar Glan-Dhliteanas Sainithe                             | (149,000)           | (208,000)           |
| Gnóthachan Achtúireach / (Caillteanas) le linn na tréimhse     | (1,008,000)         | (1,393,000)         |
| Ranníocaíochtaí Rannpháirtithe an Phlean                       | (36,575)            | (12,046)            |
| Pinsin a Íocadh sa Bhliain                                     | 76,997              | 73,465              |
| <b>Glan-Oibleagáid Sochair Scoir amhail an 31 Nollaig 2020</b> | <b>(14,757,191)</b> | <b>(13,052,613)</b> |

### d. Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Séard atá i Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheoláras Náisiúnta 1987 ná socrú pinsin tuarastail deiridh ar bhonn sochair shainithe le sochair arna sainiú trí thagairt do Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheoláras Náisiúnta 1987 agus do rialacháin reatha na scéime "samhail" san earnáil phoiblí.

Cuireann an scéim ar fáil pinsean (1 / 80ú in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim ar scor (3 / 80ú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Sé an gnáth-aois scoir ná an 65ú breithlá an chomhalta, le teidlíocht ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60.

Méadaíonn pinsin, faoi réir cheadú an Aire, de réir na méaduithe pá ábhartha atá infheidhme maidir leis an bhfoireann atá ag obair. Tá éifeacht lena leithéid arduithe pinsin sin ó na dátaí céanna a mbaineann le harduithe pá.

Cé go leanann an scéim ag feidhmiú faoi théarmaí Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheoláras Náisiúnta 1987, níor bunaíodh a bunú go foirmiúil faoi reacht. Is socrú aoisliúntais sochair shainithe neamhchistithe í an scéim le sochair iníoctha ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó chroímhaoiniú n CÁN.

De réir Alt 20 den Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015 ("Acht") rinneadh dliteanais phinsin Chuideachta an CÁN ó lá a bunaíodh ar an 1 Feabhra 2016, mar dhliteanais an CÁN. Foráiltear leis an alt seo freisin go mbeidh sochair aoisliúntais arna mbronnadh ar dhuine aistrithe, nó i leith duine aistrithe, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar dó nó di ná na téarmaí agus coinníollacha i ndáil le deonú na sochar sin faoin scéim aoisliúntais nó socrú a bhfuil feidhm aige díreach roimh an lá bunaíodh maidir leis an duine sin, nó ina leith.

Tá an caiteachas ar phinsin agus ar chnapshuimeanna faoi dhliteanas ó acmhainní an NCH de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Cuirtear an caiteachas seo san áireamh agus deontas an chomhlachta á ríomh.

Roimhe seo bhunaigh an Ceoláras Náisiúnta a scéim pinsin sochair shainithe féin, a maoiníodh go bliantúil ar bhonn íoc mar-a-úsáidtear ón airgead a cuireadh ar fáil trína dheontas bliantúil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Oibríonn an Ceoláras Náisiúnta an Scéim Pinsin um Sheirbhísí Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltáí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (R/CPA) agus b’ionann iad agus €24,833 agus €18,366 do na blianta dar críoch 31 Nollaig 2020 agus dar críoch 31 Nollaig 2019 faoi seach.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne. Coinníonn an Ceoláras Náisiúnta asbhaintí aoisliúntais i leith na Scéime Aoisliúntais Céilí agus Leanaí agus aithnítear mar dhliteanas iad (féach Nóta 14).

Tá figiúr na n-oibleagáidí sochair shainithe a bhaineann leis an Scéim Aonair san áireamh i bhfigiúirí iomlána na n-oibleagáidí sochair shainithe de €14,757,191 (2019: €13,052,613) i Nóta 23 (c).

Tá modheolaíocht na meastóireachta a baineadh úsáid as bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáillithe neamhspleách agus riachtanais Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 á gcur san áireamh aige d’fhonn dliteanas na scéimeanna a mheas amhail an 31 Nollaig 2020.

Ba iad seo a leanas na príomh-bhoinn tuisceana achtúireacha a mbaineadh úsáid astu:-

|  | <b>2020</b> | <b>2019</b> |
|--|-------------|-------------|
|  | <b>€</b>    | <b>€</b>    |
| An Ráta Lascaine                             | 0.80%       | 1.15%       |
| Ráta Ardaithe an Tuarastail                  | 2.45%       | 2.45%       |
| Ráta Ardaithe an Phinsean Stáit              | 1.45%       | 1.45%       |
| Na hArdaithe Pinsin ar Shochair Iníocaíochta | 1.95%       | 1.95%       |
| Na hArdaithe Pinsin ar Shochair Iarchurtha   | 1.95%       | 1.95%       |

### **Ionchas Saoil**

Ligeann bunús na básmaireachta déileáil le harduithe ar ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain a ghnóthaíonn an ball aois scoir. Taispeánann an tábla thíos an t-ionchas saoil a bhaineann le baill a shroicheann aois 65 sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2040.

| <b>Bliain an Aois 65 a Bhaint Amach</b> | <b>2020</b> | <b>2040</b> |
|---|-------------|-------------|
| Ionchas saoil - fireann (blianta)       | 21.70       | 24.00       |
| Ionchas saoil - baineann (blianta)      | 24.10       | 26.10       |

### **24. Gnóthas Sócmhainneach Mar Thoradh Ar An gCorónavíreas**

Bunaíodh an Ceoláras Náisiúnta mar chomhlacht reachtúil faoin Acht um Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta (Ceoláras Náisiúnta) 2015. Mar chomhlacht reachtúil, tá súil ag an gCÁN go mbeadh rochtain aige ar fhoinsí caipitil ón Stát dá mbeadh gá leo. Mar chomhlacht atá caipitlithe go sásúil, níl fios ag an gCÁN ar aon éiginnteacht ábhartha a chuirfeadh isteach ar a chumas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas sócmhainneach.

Níl an bhainistíocht ar an eolas faoi cibé éiginnteacht a bhaineann leis an gCorónavíreas nó le haon choinníollacha eile a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an CÁN, agus mar a thacaíonn an Stát leis, leanúint ar aghaidh mar ghnóthas sócmhainneach.



Ón 12 Márta 2020 de réir threoracha an Rialtais, d'aistrigh an CÁN go dtí módh oibre cianda agus seachadta ar líne mar thoradh ar phaindéim an Covid-19. Cé gur tháinig dúshláin shuntasacha d'oibríochtaí gnó an CÁN as an bpaindéim, agus ag glacadh leis go bhfuil leibhéal na ndeontas tacaíochta ar chomhréim leis na hionchais, léiríonn an réamhaisnéis go mbeidh meá ar mheá ar chursáí an airgeadais sa bhliain 2021. Tá an Bord sásta gur chóir na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais sóchmhainnigh.

## 25. Glacadh leis na Ráitis Airgeadais

Ghlac an Bord leis na ráitis airgeadais ar an 27 Bealtaine 2020



Sruth Beo NCH le Lisa O'Neill



NCH Livestream le Paul Noonan



Rebeca Sanchez leis an RTÉ NSO agus a Príomh-Stiúrthóir Jaime Martín